An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

An tAcht Toghcháin 1997 faoi mar a leasaíodh

Olltoghchán na Dála
24 Bealtaine 2007

Ráitis um Shíntiúis agus Dearbhuithe Reachtúla a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo

agus

Ráitis um Speansais Toghcháin agus Dearbhuithe Reachtúla a fuarthas ó ghníomhairí toghcháin iarrthóirí, ó ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta agus ó "dhaoine eile"

Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí do Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle) de réir alt 4(1) de na hAchtanna Toghcháin.

Nollaig 2007

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.
Teileafón (01) 6395666 Facs (01) 6395684
r-phost: sipo@sipo.gov.ie
suíomh idirlín: www.sipo.gov.ie

Clár na nÁbhar

		Uimh. Leath.
	Brollach	
Caibidil 1	**Réamhrá**	2
Caibidil 2	**Síntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo**	5
2.1	Ceanglais dlí	5
2.2	Ráitis um Shíntiúis agus Deimhnithe Síntiús Airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo	8
2.3	Ráitis um Shíntiúis a Breithníodh	10
2.4	Deimhnithe Síntiús Airgid agus Ráitis Bhainc a Breithníodh	11
Caibidil 3	**Caiteachas Toghcháin ag iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta**	13
3.1	Sainmhíniú ar speansais toghcháin	13
3.2	Nithe nach meastar a bheith ina speansais toghcháin	13
3.3	Speansais Toghcháin arb as cistí poiblí a íocadh a gcostais ar dtús	14
3.4	Ceapachán gníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí	16
3.5	Ceapachán gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíocht	18
3.6	Teorainneacha caiteachais	19
3.7	Tréimhse an Toghcháin	20
3.8	Foirmeacha a Eisíodh le haghaidh Ráiteas um Speansais Toghcháin	23
3.9	Foirmeacha le haghaidh Ráiteas um Speansais Toghcháin a Fuarthas ó Ghníomhairí Toghcháin	23
3.10	Ráitis um Speansais Toghcháin ó Ghníomhairí Toghcháin a Breithníodh	24
3.11	Foirmeacha le haghaidh Ráiteas um Speansais Toghcháin a Fuarthas ó Ghníomhairí Náisiúnta	26
3.12	Róchaiteachas	27
3.13	Éilimh Dhéanacha agus Speansais a bhí ina n-Údar Conspóide	28
3.14	Alt 31(8A) den Acht á shárú	29
Caibidil 4	**Cúiteamh i speansais toghcháin iarrthóirí**	**30**
Caibidil 5	**"Duine eile"/"tríú páirtí ag an toghchán**	**32**
5.1	Ceanglais Dlí	32
5.2	Comhfhreagras le “daoine eile”/"tríú páirtithe”	33
Caibidil 6	**Comhfhreagras le nuachtáin, irisí, srl.**	**36**
Caibidil 7	**Foilsiú na Ráiteas um Shíntiúis agus Ráiteas um Speansais Toghcháin a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin**	**39**
Caibidil 8	**Achoimre ar dheacrachtaí a bhí roimh an gCoimisiún um Chaighdeáin ag an olltoghchán agus feabhsú a mholtar ar an reachtaíocht**	**40**

Aguisíní

Aguisín 1 Síntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo (in ord aibítre)

Aguisín 2 Achoimre ar chaiteachas ar iarrthóirí aonair (in ord aibítre)

Aguisín 3 Achoimre ar chaiteachas na bpáirtithe polaitíochta

Aguisín 4 Achoimre ar chaiteachas iomlán na n-iarrthóirí agus na bpáirtithe polaitíochta

Aguisín 5 Mionsonraí ar iarrthóirí a bhí cáilithe go gcúiteofaí speansais toghcháin leo

Aguisín 6 Caiteachas ag “daoine eile”

Brollach

Is údar áthais dom an tuarascáil seo a chur ar fáil do Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle) de réir fhorálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin 1997, faoi mar a leasaíodh. Cuireadh na Ráitis um Shíntiúis/Dearbhuithe Reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht agus cuireadh na Deimhnithe Síntiúis Airgid/Dearbhuithe Reachtúla ó fhorais airgeadais ar fáil de bhun alt 23B den Acht. Cuireadh na Ráitis um Speansais Toghcháin ar fáil de bhun alt 26 den Acht.

Faoi mar a leagtar amach sa tuarascáil, éascóidh an Coimisiún um Chaighdeáin le hábhar atá i Ráitis um Shíntiúis agus i Ráitis um Speansais Toghcháin a scaipeadh trí achoimre ar an ábhar a chur ar www.sipo.ie agus tríd an ábhar a chur ar fáil ag a oifigí go mbeidh daoine in ann iad a imscrúdú agus a chóipeáil.

_____

Matthew P. Smith, Breitheamh Onórach
Cathaoirleach
December 2007

Caibidil 1 - Réamhrá

Lánscoireadh an 29ú Dáil an 29 Aibreán 2007 agus tharla an vótaíocht don olltoghchán chuig an 30ú Dáil an 24 Bealtaine 2007. Chuaigh 466 iarrthóir san iomaíocht sa toghchán. Ba é seo an tríú olltoghchán Dála a tharla ó tugadh Acht Toghcháin 1997, faoi mar a leasaíodh, isteach, agus an dara olltoghchán Dála arbh infheidhme forálacha iomlána an Achta ina leith, maidir le síntiúis a nochtadh agus a theorannú agus le speansais toghcháin a theorannú, a nochtadh agus chúiteamh.

De réir fhorálacha Chuid IV den Acht, ceanglaíodh ar iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghchán na Dála Ráiteas um Shíntiúis agus cáipéisíocht a ghabhann leis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá tar éis lá na vótaíochta (.i. faoin 19 Iúil 2007). B'éigean mionsonraí ar gach síntiús, lenar ghabh luach níos mó ná €634.87, a fuair ar iarrthóirí nár éirigh leo i ndáil leis an toghchán, a nochtadh. Ceanglaítear ar iarrthóirí ar éirigh leo ag an toghchán, mar chomhaltaí Dháil Éireann, Ráiteas bliantúil um Shíntiúis agus cáipéisíocht a ghabhann leis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir gach bliain. Ní mór mionsonraí ar aon síntiúis a fuair siad i rith 2007 i ndáil le holltoghchán na Dála a bheith san áireamh sna Ráitis um Shíntiúis a chuirfear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i leith 2007. Ní mór na Ráitis seo a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir 2008.

Forálann Cuid V den Acht go gceanglaítear ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóir, cibé acu ar éirigh leo nó nár éirigh leo, ag olltoghchán Dála Ráiteas um Speansáis Toghcháin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá tar éis lá na vótaíochta. Ní mór mionsonraí ar gach speansas a tharraing an gníomhaire toghcháin air/uirthi féin thar ceann an iarrthóra ag an toghchán a bheith san áireamh sa Ráiteas um Speansais Toghcháin, chomh maith le mionsonraí ar gach íocaíocht a rinne an gníomhaire thar a c(h)eann. Ceanglaítear ar ghníomhaire náisiúnta gach páirtí polaitíochta a raibh iarrthóirí san iomaíocht sa toghchán acu Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil ach oiread le "daoine eile” a tharraing speansais toghcháin orthu féin.

Obair ullmhúcháin d'olltoghchán na Dála
Thosaigh an Coimisiún um Chaighdeáin a chuid ullmhúchán d'olltoghchán na Dála i rith 2006. Ullmhaíodh agus foilsíodh dréacht-treoirlínte ar a shuíomh idirlín i Meán Fómhair 2006. Rinneadh é seo ionas go mbeadh ar chumas daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí, a ngníomhairí toghcháin, gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta a bhí san iomaíocht sna toghcháin agus daoine eile a bhí i mbun an toghcháin, eolas a chur ar cheanglais an Achta agus, dá mba ghá, dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeáin le haghaidh comhairle. Foilsíodh an leagan deiridh de na treoirlínte i Márta 2007 agus eisíodh go foirmiúil chuig iarrthóirí agus gníomhairí toghcháin agus náisiúnta iad nuair a gaireadh an toghchán. Forálann alt 11 den Acht go mbeidh ceangal dlí ag gabháil leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Bhuail an Coimisiún um Chaighdeáin leis na príomhpháirtithe polaitíochta in 2006 freisin agus leag amach conas a bhí sé i gceist aige maoirseacht a dhéanamh ar fhorálacha an Achta i ndáil le síntiúis agus caiteachas toghcháin ag olltoghchán na Dála. Sholáthair an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt seisiún faisnéisiúcháin do pháirtithe polaitíochta maidir le ceanglais

na reachtaíochta arbh infheidhme iad ag olltoghchán na Dála agus d'fhreagair roinnt iarratas ar chomhairle ó dhaoine a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh ann. Nuair a gaireadh an toghchán, thug ionadaithe ó Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin cuairt ar dháilcheantair, ag bualadh le gníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí agus ag soláthar comhairle agus cúnaimh maidir le ceanglais na reachtaíochta. Tar éis thréimhse an toghcháin, rinne oifigigh an Choimisiúin um Chaighdeáin gach dícheall chun cabhrú le gníomhairí toghcháin na tuairisceáin riachtanacha a chomhlánú.

Is oth leis an gCoimisiún an mhoill maidir leis an tuarascáil a fhoilsiú. Tagann an mhoill seo go díreach de thoradh gur cosúil nach raibh ar chumas go leor iarrthóirí agus gníomhairí foirmeacha le haghaidh Ráiteas um Shíntiúis agus Speansas Toghcháin, a bhí réasúnta simplí, a chomhánú i gceart.

Ceanglais tuairisceoireachta an Choimisiúin um Chaighdeáin
Forálann alt 4(1) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, sa chás gur cuí amhlaidh a dhéanamh dar leis, tuarascáil a chur ar fáil don Cheann Comhairle maidir le haon ní a thagann chun cinn i ndáil le Ráitis um Shíntiúis agus Ráitis um Speansais Toghcháin a chuirfear ar fáil faoin Acht dó. De réir alt 4(5) den Acht, ní mór an tuarascáil a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

San áireamh le nithe a bpléitear leo sa tuarascáil seo tá:

- síntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo ag an toghchán;
- ceanglais a bhaineann le síntiúis thoirmiscthe agus leis an srianadh i leith na gcineálacha áirithe síntiús gur féidir le hiarrthóirí glacadh leo;
- cuntas síntiús polaitíochta arna n-oscailt agus arna gcoinneáil ar bun ag iarrthóirí;
- caiteachas thar ceann iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta a nochtadh;
- cúiteamh speansas toghcháin le hiarrthóirí cáilithe;
- forálacha arna gcomhlíonadh ag “daoine eile” maidir le speansais toghcháin a tharraing siad orthu féin; agus
- forálacha alt 31(10) den Acht arna gcomhlíonadh ag nuachtáin maidir le fógraí toghcháin a fhoilsiú.

Níl bonn reachtúil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a fheidhmítear an tAcht agus le tuairisciú ar thorthaí an athbhreithnithe sin. Le cois a bheith ag tuairisciú ar an bhfaisnéis a bhíonn sna Ráitis um Shíntiúis agus sna Ráitis um Speansais Toghcháin a chuirtear ar fáil dó áfach, tugann an Coimisiún um Chaighdeáin a thuairimí freisin ar shaincheisteanna a chuaigh i bhfeidhm air agus maoirseacht á dhéanamh aige ar an mbealach a nochtadh síntiúis agus caiteachas toghcháin ag olltoghchán na Dála. Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin a thuairimí faoi roinnt de na deacrachtaí a bhí roimhe ach go háirithe agus déanann roinnt moltaí maidir leis an mbealach go bhféadfar iad seo a shárú.

Tar éis olltoghchán na Dála 2002, thug Máirtín Ó Cuilinn, T.D., an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tráth sin, cuireadh don Choimisiún um Chaighdeáin a dhearcaí ar a thaithí, maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an Acht, a chur ar fáil. Leagadh na dearcaí seo amach i dtuarascáil, *Athbhreithniú an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar na hAchtanna Toghcháin 1997 go dtí 2002*, a seoladh chuig an Aire i mí na Nollag

2003. Leagadh roinnt moltaí amach sa cháipéis sin, idir chinn ghinearálta agus chinn shonracha, maidir leis an mbealach a d'fheadfaí an reachtaíocht a fheabhsú lena n-áirítear moladh sonrach gur chóir go mbeadh bonn reachtúil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a fheidhmítear an tAcht, mar an comhlacht ar a bhfuil freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an Acht. Luaigh an Coimisiún um Chaighdeáin an moladh seo arís chomh maith le moltaí eile sa dá thuarascáil bhliantúla deiridh dá chuid. Níor cuireadh ceachtar de na moltaí sin i bhfeidhm ar an drochuair rud a d'fhág go raibh go leor de na deacrachtaí céanna leis an reachtaíocht roimh an gCoimisiún um Chaighdeáin ag olltoghchán 2007 agus a bhí roimhe ag olltoghchán 2002. Cuirtear na deacrachtaí seo chun suntais arís eile sa tuarascáil seo in éineacht le moltaí cuí.

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil sárdheis ar fáil chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an reachtaíocht de bharr go bhfuiltear ag beartú Coimisiún Toghcháin a chur ar bun, faoi mar a leagadh amach sa chlár reatha don rialtas, agus tá an Coimisiún um Chaighdeáin muiníneach go gcuirfear a mholtaí san áireamh san athbhreithniú seo.

Caibidil 2 - Síntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo

2.1 Ceanglais Dlí

(i) Sainmhíniú ar shíntiús d'iarrthóir ag toghchán Dála
Forálann alt 22(2)(a) den Acht go gciallaíonn síntiús d'iarrthóir ag olltoghchán Dála aon ranníocaíocht a thugann duine ar bith, chun **críocha polaitíochta**, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an duine ina bhall de pháirtí polaitíochta. Folaíonn duine duine aonair, comhlacht corpraithe (m.sh. cuideachta phoiblí nó phríobháideach) nó comhlacht neamhchorpraithe daoine (m.sh. páirtí polaitíochta, comhpháirtíocht, cumann cónaitheoirí, srl.). Meastar gurb é an duine céanna é comhlacht corpraithe agus aon cheann dá fhochomhlachtaí chun críocha an Achta.

Sonraítear in alt 22(2)(aa) den Acht go gciallaíonn **cuspóirí polaitíochta**, i ndáil le hiarrthóir ag olltoghchán Dála, an méid seo a leanas:
- toghadh iarrthóra a chur chun cinn, nó cur ina choinne, go díreach nó go hindíreach;
- vótaí a lorg do nó i gcoinne iarrthóra;
- beartais nó beartas áirithe iarrthóra, nó dearcaí iarrthóra maidir le haon ní i dtaca leis an toghchán, a chur i láthair;
- nithe atá ráite ag iarrthóir maidir le beartas nó beartais pháirtí pholaitíochta nó ghrúpa polaitíochta nó iarrthóir eile ag an toghchán, a chur i láthair;
- tionchar a imirt ar bhealach eile ar thoradh an toghcháin.

Tá gach ceann nó aon cheann ar bith den mhéid seo a leanas san áireamh le síntiús d'iarrthóir ag olltoghchán Dála:

- síntiús airgid, maoine nó earraí;
- saorúsáid mhaoine, earraí nó seirbhísí;
- an difríocht idir an praghas tráchtála agus an praghas (níos ísle) a gearradh le maoin, earraí nó seirbhísí a cheannach, a fháil nó a úsáid; (Is féidir le hiasacht, a sholáthair foras airgeadais d'iarrthóir ar théarmaí agus choinníollacha atá níos fabhraí ná mar a sholáthraíonn an foras airgeadais do dhaoine aonair eile, a bheith san áireamh leis seo. Féadfaidh iasacht a sholáthair duine seachas foras airgeadais a bheith san áireamh leis

freisin sa chás gurb ísle an t-ús a ghearrtar ná an ráta is ísle dá bhfuil ar fáil ó fhoras airgeadais);

- glanluach ranníocaíochta a tugadh d'imeacht le hairgead a thiomsú, a eagraíodh chun cistí a thiomsú d'iarrthóir. Sa chás go n-eagraíonn páirtí polaitíochta iarrthóra imeacht tiomsaithe airgid chun cistí don pháirtí a thiomsú, meastar gur síntiús don pháirtí ranníocaíochtaí don imeacht, fiú sa chás go n-úsáidtear na cistí ina dhiaidh sin chun tacú leis an iarrthóir. Sa chás go n-eagraíonn páirtí imeacht chun cistí a thiomsú d'iarrthóir áfach, féadfar an páirtí a mheas mar idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra (féach thíos) agus a mheas gur don iarrthóir a tugadh na síntiúis.

Forálann alt 22(2)(c) den Acht go meastar gur síntiús a tugadh don iarrthóir é síntiús a tugadh d'iarrthóir ag olltoghchán Dála trí idirghabhálaí. Meastar gurb idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiúis thar ceann iarrthóra é coiste tiomsaithe airgid (m.sh. “Cairde xxx”) mar sin. Má choinníonn an grúpa tiomsaithe airgid na cistí áfach agus nach dtugtar ar aghaidh don iarrthóir iad áfach, meastar gur tríú páirtí é an grúpa agus ní mór dó clárú mar sin leis an gCoimisiún um Chaigdheáin (féach Caibidil 5).

Forálann alt 22(2)(c) freisin, sa chás go dtugann iarrthóir, síntiús a tugadh d'iarrthóir, ar aghaidh dá p(h)áirtí polaitíochta (cibé acu ceanncheathrú an pháirtí nó brainse áitiúil) agus go bhfaigheann sé/sí admháil scríofa i leith an tsíntiúis ón bpáirtí, meastar gur síntiús don pháirtí polaitíochta é an síntiús agus ní don iarrthóir.

Forálann alt 22(2)(d) den Acht nach mór na síntiúis ón duine céanna a chomhbhailiú agus caitheamh leo mar shíntiús amháin chun iad a nochtadh agus chun uasteorainn na síntiús gur féidir glacadh leo, a chomhlíonadh (féach 2.1(iv) thíos).

Foráiltear le haghaidh roinnt nithe in alt 22(2)(b) den Acht a bhíonn ann le linn olltoghchán Dála agus nach meastar mar shíntiús d'iarrthóir lena n-áirítear:

- An tseirbhís saorphoist a sholáthraíonn An Post d'iarrthóirí.
- Aon íocaíocht, seirbhís nó áis a sholáthraítear d'iarrthóir **as cistí poiblí de bhua gur** Teachta Dála, Seanadóir, Feisire Eorpach nó sealbhóir oifig tofa nó poiblí eile (m.sh. comhalta údaráis áitiúil) atá san iarrthóir. Ní infheidhme breithiúnas na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí i gcás Desmond Kelly maidir leis an bhforáil áirithe seo ach amháin i ndáil le cuntas a bheith á thabhairt in úsáid áiseanna den sórt sin mar speansais toghcháin. Níor athraigh an breithiúnas forálacha an Achta maidir le gan úsáid áiseanna den sórt sin a bheith á meas mar shíntiús. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara áfach, nach infheidhme an fhoráil áirithe seo ach amháin sa chás go bhfuil an t-iarrthóir, de bhua **a p(h)oist nó a (h)oifige**, i dteideal na seirbhísí/áiseanna a sholáthraítear a úsáid. Mar shampla, má sholáthraítear saorúsáid áiseanna an Oireachtais (m.sh., clúdaigh litreacha, teileafóin) d'iarrthóir nach bhfuil ina C(h)omhalta de Thithe an Oireachtais, meastar gur síntiús é seo don iarrthóir ón gComhalta a sholáthair na háiseanna.
- Seirbhís saor in aisce a sholáthraíonn **duine aonair**, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil, theileafón príobháideach srl. an duine aonair, sa chás nach bhfuil an tseirbhís a sholáthraítear ina cuid d'obair nó de ghnó an duine. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann sé seo le seirbhís saor in aisce (lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicle) a sholáthraíonn cuideachta nó gnó.

- Seirbhís a sholáthraíonn fostaí páirtí pholaitíochta, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil an duine aonair, sa chás go n-íoctar luach saothair an fhostaí as acmhainní an pháirtí nó as cistí poiblí agus sa chás nach bhfuil aon luaíocht nó sochar comhchineáil á fháil ag an bhfostaí seachas a g(h)náthluach saothair (lena n-áirítear forchúiteamh i speansais) don tseirbhís sin.
- Speansais a tharraing páirtí polaitíochta air féin thar ceann iarrthóra nó íocaíochtaí arna ndéanamh ag páirtí polaitíochta thar a c(h)eann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go meastar airgead, a thugann páirtí polaitíochta d'iarrthóir go díreach, mar shíntiús d'iarrthóir. Meastar speansais toghcháin a tharraing grúpa tacaíochta air féin nó íocaíochtaí arna ndéanamh ag grúpa tacaíochta, seachas páirtí polaitíochta cláraithe, thar ceann iarrthóra, mar shíntiúis d'iarrthóir freisin. Bíonn na ranníocaíochtaí, i ngach cás, faoi réir na dteorainneacha, maidir le síntiúis nach mór a nochtadh agus uasteorainneacha na síntiús gur féidir glacadh leo, is infheidhme i leith iarrthóirí.

(ii) Síntiúis a Nochtadh

Forálann alt 24(2)(a) den Acht nach mór do gach iarrthóir nár éirigh leis nó léi ag olltoghchán na Dála Ráiteas um Shíntiúis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá ó lá na vótaíochta. Beidh an Ráiteas um Shíntiúis i bhfoirm a ordóidh an Coimisiún um Chaighdeáin agus ní mór Dearbhú Reachtúil a bheith in éineacht leis. Ní mór d'Aturnae Cleachtais, do Choimisinéir Mionnaí, d'Fheidhmeannach Síochána nó do Nótaire Poiblí a bheith ina fhinné le haghaidh an Dearbhaithe Reachtúil.

Ní cheanglaítear ar dhaoine ach síntiúis lena mbaineann luach is mó ná €634.87 a nochtadh. Mura bhfuarthas aon síntiús den sórt sin, cuireann an t-iarrthóir tuairisceán “nialas” ar fáil. Sa chás go bhfaighfear síntiús os cionn €634.87, ní mór luach agus cineál gach síntiús a nochtadh chomh maith le hainm, cur síos ar an deontóir agus a s(h)eoladh poist.

Ceanglaítear ar iarrthóirí ar éirigh leo ag an toghchán, mar chomhaltaí Dháil Éireann, Ráiteas bliantúil um Shíntiúis agus cáipéisíocht a ghabhann leis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir gach bliain. Ní mór mionsonraí ar aon síntiúis a fuair siad i rith 2007 i ndáil le holltoghchán na Dála a bheith san áireamh sna Ráitis um Shíntiúis a chuirfidh comhaltaí Dháil Éireann ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i leith 2007, agus ní mór iad a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir 2008.

(iii) Cuntais síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar bun

Ní mór d'iarrthóir ag olltoghchán Dála a fhaigheann síntiús airgid a dtéann a luach thar € 126.97, cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar bun i bhforas airgeadais sa Stát. Ní mór don iarrthóir an síntiús tosaigh agus aon síntiúis eile airgid, cibé luach a bhaineann leo, dá bhfaigheann sé/sí a thaisceadh sa chuntas seo.

Ní mór d'iarrthóir a osclaíonn cuntas síntiús polaitíochta nó a bhfuil cuntas síntiús polaitíochta aige nó aici cheana féin Deimhniú Síntiús Airgid (DSA) a chur ar fáil agus a Ráiteas um Shíntiús á chur ar fáil aige/aici. Deimhníonn an t-iarrthóir ar an DSA gur taisceadh gach síntiús airgid don chuntas agus gur chun críocha polaitíochta a úsáideadh gach aistarraingt as an gcuntas. Ní mór an Deimhniú a bheith sínithe ag an iarrthóir agus bíonn Dearbhú Reachtúil ar leithligh ag gabháil leis.

Ní mór ráiteas arna sholáthar ag an bhforas airgeadais ina bhfuil an cuntas (dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar “ráiteas bainc”) a bheith ag gabháil leis an DSA freisin. Ní mór na hidirbhearta a tharla i ndáil leis an gcuntas, i rith na tréimhse dar tosach dáta oscailte an chuntais agus dar críoch lá na vótaíochta ag an toghchán, a bheith sonraithe sa ráiteas bainc. Sa chás go raibh cuntas síntiús polaitíochta ag iarrthóirí cheana féin, níor ghá dóibh cuntas ar leithligh a oscailt don olltoghchán go sonrach. Níor ceanglaíodh ar iarrthóirí den sórt sin ach ráiteas bainc a chur ar fáil i leith na tréimhse 1 Eanáir 2007 go dtí lá na vótaíochta freisin.

(iv) Síntiúis Thoirmiscthe

Síntiúis gan ainm

Ní fhéadfaidh iarrthóir ag olltoghchán Dála glacadh le síntiús gan ainm os cionn luach € 126.97. Ní mór ainm agus seoladh an deontóra a bheith ar eolas ag an iarrthóir nó ní mór dó nó di a bheith in ann é a dhéanamh amach le haghaidh síntiús os cionn €126.97. Má fhaigheann iarrthóir síntiús toirmiscthe gan ainm, ní mór don iarrthóir, faoi cheann 14 lá ón tráth a fhaightear é, an scéal a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin agus an síntiús, (nó a luach), a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Síntiúis ón gcoigríoch

Is éard is síntiús ón gcoigríoch ná síntiús, cibé luach a bhaineann leis, a thugann duine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann nó síntiús a thugann comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine nach gcoinníonn oifig ar oileán na hÉireann óna ndéantar reáchtáil ceann amháin nó níos mó dá phríomhghníomhaíochtaí a stiúradh. Ní mór d'iarrthóir ag olltoghchán Dála gan glacadh le síntiús ón gcoigríoch.

Má fhaigheann iarrthóir síntiús ón gcoigríoch, ní mór an scéal a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin agus an síntiús a chur chuig an gCoimisiún faoi cheann 14 lá ón tráth a fhaightear é. Mar rogha malairte, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a chur ar ais chuig an deontóir. Má chuirtear an síntiús ar ais chuig an deontóir, ní mór don iarrthóir taifead scríofa a choinneáil air sin chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má bhíonn sin ag teastáil.

Síntiúis os cionn na huasteorainne forordaithe

Is é uasluach an tsíntiúis nó na síntiús gur féidir le hiarrthóir ag olltoghchán na Dála glacadh leis/leo ón duine céanna sa bhliain chéanna den fhéilire ná €2,539.48. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb infheidhme an uasteorainn seo i leith síntiús airgid a fhaigheann iarrthóir óna p(h)áirtí polaitíochta freisin. Ní infheidhme an uasteorainn, i leith suim na síntiús gur féidir le hiarrthóir glacadh leo, i leith úsáid oifige a bhronntar ar iarrthóir áfach. (Sa chás go mbronntar níos mó ná oifig amháin, ní mór don iarrthóir, cibé oifig nach infheidhme an uasteorainn ina leith, a ainmniú.)

Sa chás go bhfaighfear síntiús os cionn na huasteorainne forordaithe ní mór don iarrthóir an scéal a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin agus suim an fharasbairr an chur chuig an gCoimisiún faoi 14 lá ón tráth a fhaightear é. Mar rogha malairte, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a chur ar ais chuig an deontóir agus taifead scríofa a choinneáil air sin chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má bhíonn sin ag teastáil.

2.2 Ráitis um Shíntiúis agus Deimhnithe Síntiús Airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo

Tháirg an Coimisiún um Chaighdeáin foirm le haghaidh Ráitis um Shíntiús/Dearbhaithe Reachtúil (GE/07/DS) le húsáid ag iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghchán na Dála. Tháirg sé foirm le haghaidh Deimhnithe Síntiús Airgid/Dearbhaithe Reachtúil (GE/07/CMD) freisin le húsáid ag na hiarrthóirí sin nár éirigh leo agus ar ceanglaíodh orthu cuntas síntiús polaitíochta a oscailt. Iarradh ar iarrthóirí nár ceanglaíodh orthu cuntas síntiús polaitíochta a oscailt é sin a dhearbhú ar fhoirm an CMD ach níor ceanglaíodh orthu an Dearbhú Reachtúil a ghabh leis an bhfoirm CMD a chomhlánú.

Eisíodh foirm an 13 Meitheamh 2007 le haghaidh Ráitis um Shíntiús/Dearbhaithe Reachtúil agus foirm le haghaidh Deimhnithe Síntiús Airgid/Dearbhaithe Reachtúil chuig gach ceann (301) de na hiarrthóirí nár éirigh leo. Chuaigh beirt iarrthóir, an tUas. Colm Callanan (an Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí) agus an tUas. Noel O'Gara san iomaíocht sa toghchán i níos mó ná aon dáilcheantar amháin. (Chuaigh an tUas. Callanan san iomaíocht le haghaidh dhá dháilcheantar agus chuaigh an tUas. O'Gara san iomaíocht le haghaidh ceithre dháilcheantar. Níor ceanglaíodh ar an Uas. Callanan agus ar an Uas. O'Gara ach aon Ráiteas amháin um Shíntiúis a chomhlánú i leith a n-iarrthóireachtaí agus níor ceanglaíodh orthu Ráitis ar leithligh um Shíntiúis a chomhlánú le haghaidh gach ceann de na dáilcheantair a ndeachaigh siad san iomaíocht sa toghchán dóibh. Ceanglaíodh ar iarrthóirí Ráitis chomhlánaithe um Shíntiúis agus Deimhnithe chomhlánaithe Síntiús Airgid a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin faoin 19 Iúil 2007.

Ráitis um Shíntiúis a Fuarthas

Chuir 207 den 301 iarrthóir nár éirigh leo a Ráitis um Shíntiúis isteach faoin 19 Iúil 2007, an spriocdháta reachtúil. Tá sé ina chion faoi alt 25(1)(c) den Acht má loiceann duine foirm le haghaidh Ráitis um Shíntiúis / Dearbhaithe Reachtúil a chur ar fáil agus, sa chás go gceanglaítear ar dhuine, foirm le haghaidh Deimhnithe Síntiús Airgid / Dearbhaithe Reachtúil agus ráiteas bainc a ghabhann leo a chur ar fáil faoin spriocdháta reachtúil. Tá sé ina chleachtas ag an gCoimisiún um Chaighdeáin áfach gan cúrsaí den sórt sin a atreorú ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) ach amháin, tar éis tréimhse suntasaí ama, agus roinnt meabhrúchán a bheith eisithe, go bhfuil an Ráiteas um Shíntiús fós amuigh.

Maidir leis sin, an 27 Iúil, sheol an Coimisiún um Chaighdeáin meabhrúchán chuig 54 iarrthóir a raibh a Ráitis um Shíntiúis fós amuigh. Eisíodh an dara meabhrúchán an 3 Lúnasa chuig 44 iarrthóir nár chuir a gcuid Ráiteas um Shíntiúis ar fáil go fóill. Thagair gach ceann de na meabhrúcháin seo don chion faoi alt 25(1)(c) den Acht má loiceann duine Ráiteas um Shíntiúis a chur ar fáil. Eisíodh an meabhrúchán deiridh an 13 Lúnasa chuig 29 iarrthóir a bhí le Ráiteas um Shíntiúis a chur ar fáil go fóill. Chuir an meabhrúchán seo in iúl do na hiarrthóirí sin, mura bhfaighfí Ráiteas um Shíntiúis faoi cheann seacht lá ó dháta na litreach sin, go gcuimhneodh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an scéal a atreorú ar aghaidh chuig an SIP/Gardaí leis an gcion a imscrúdú faoi alt 25(1)(c) den Acht.

Sheol an Coimisiún um Chaighdeáin comhaid chuig Ceanncheathrú an Gharda Síochána an 29 Lúnasa maidir leis an ochtar iarrthóir seo a leanas: (An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin a fhéadfaidh imeachtaí le haghaidh ciona faoi alt 25 den Acht a thionscnamh agus is lena thoiliú siúd amháin a fhéadfar imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Chomhairligh Oifig

an SIP don Choimisiún um Chaighdeáin roimhe seo comhfhreagras a dhéanamh le Ceanncheathrú an Gharda Síochána go díreach i ndáil le cionta den sórt sin).

An tUas. Tom Harpur (Comhaontas Glas, Loch Garman)
An tUas. Gino Kenny (Neamhpháirtí, Baile Átha Cliath Lár Thiar)
An tUas. Thomas King (Neamhpháirtí, Gaillimh Thiar)
An tUas. Gerard Linehan (Neamhpháirtí, Corcaigh Lár Theas)
Comhairleoir Ann Marie Martin (Fine Gael, Baile Átha Cliath Lár Theas)
Comhairleoir Mags Murray (Páirtí Daonlathach, Baile Átha Cliath Thiar)
An tUas. Jim Tallon (Neamhpháirtí, Cill Mhantáin)
An tUas. Madeleine Taylor Quinn (Fine Gael, an Clár)

D'atreoraigh an Coimisiún um Chaighdeáin comhad eile ar aghaidh chuig Ceanncheathrú an Gharda Síochána an 3 Meán Fómhair 2007 i leith an Uas. Raymond Kelly (Neamhpháirtí, Baile Átha Cliath Thiar Theas).

Fuarthas Ráitis um Shíntiúis agus sa chás gur gá Deimhnithe Síntiús Airgid agus ráitis bhainc ina dhiaidh sin ón tUas. Harpur, ón Uas. Kenny, ón Uas. Linehan, Uas. Mhartin, Murray, Uas. Taylor Quinn, agus ón Uas. Kelly. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl do Cheanncheathrú an Gharda Síochána go bhfuarthas an cháipéisíocht reachtúil i ngach cás. Níl Ráitis um Shíntiúis faighte fós ón Uas. King nó ón Uas. Tallon.

2.3 Ráitis um Shíntiúis a Breithníodh

De réir alt 4(1) den Acht, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin na Ráitis um Shíntiúis a chuir gach ceann de na hiarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghchán na Dála ar fáil.

Nocht an seachtar iarrthóir seo a leanas a chuir Ráitis um Shíntiúis ar fáil go raibh síntiús lenar bhain luach os cionn €2,539.48 faighte acu i ndáil leis an toghchán:

Siobhán Ambrose (Fianna Fáil, Tiobraid Árann Theas)
Paudie Coffey (Fine Gael, Port Láirge)
Ben Doyle (Páirtí Daonlathach, Baile Átha Cliath Lár Theas)
Pat Fitzgerald (Fianna Fáil, Cill Mhantáin)
Séamus Fitzgerald (Fine Gael, Ciarraí Theas)
Cecelia Keaveney (Fianna Fáil, Dún na nGall Thoir Thuaidh)
Phil Prendergast (Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann Theas)

I ngach cás, sa chás nár léir gur chuir na hiarrthóirí farasbarr na síntiús ar ais, d'ordaigh an Coimisiún um Chaighdeáin do na hiarrthóirí a bhí i gceist na suimeanna farasbairr a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin nó, mar rogha malairte, a dhearbhú gur cuireadh na suimeanna a bhí i gceist ar ais chuig na deontóirí. Toisc gur loic siad farasbarr na síntiús a chur ar ais chuig na deontóirí faoi cheann 14 lá ón tráth a fuarthas iad, bhí forálacha alt 23A(1) den Acht sáraithe ag na hiarrthóirí thuas agus féadfaidh cion a bheith déanta acu faoi alt 25(1)(b) den Acht. Sa chás go gcomhlíonann duine an tAcht seachas sin, .i. tríd an bhfarasbarr síntiúis a chur ar ais nó a chur chuig an gCoimisiún, tá sé ina chleachtas ag an gCoimisiún um Chaighdeáin gan aon rud eile a dhéanamh ó thaobh an scéal a atreorú ar aghaidh chuig an SIP. I bhformhór na gcás, chomhlíon na hiarrthóirí treoracha an Choimsiúin um Chaighdeáin. Ba ghá litir mheabhrúcháin a eisiúint chuig an Uas. Ben Doyle áfach á chur

in iúl dó go gcuimhneodh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an scéal a atreorú ar aghaidh chuig an SIP mura ndéanfaí na gníomhartha cuí i ndáil leis na síntiúis thoirmiscthe. Dhearbhaigh an tUas. Doyle ina dhiaidh sin don Choimisiún um Chaighdeáin gur cuireadh farasbarr na síntiús ar ais chuig na deontóirí.

Nocht roinnt iarrthóirí síntiúis nár ceanglaíodh orthu a nochtadh de bhua go raibh na síntiúis faoi bhun thairseach na síntiús gur gá a nochtadh nó gurbh iad an fáltas iomlán ó imeacht le hairgead a thiomsú (ní mór ach ranníocaíochtaí aonair os cionn ghlanluach €634.87 d'imeachtaí tiomsaithe airgid a nochtadh). Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl do na hiarrthóirí i ngach cás go bhféadfaí na síntiúis a bhí i gceist a bhaint amach óna Ráitis um Shíntiúis. Roghnaigh formhór na n-iarrthóirí gan a Ráitis um Shíntiúis a leasú áfach.

Níor cuireadh in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas aon síntiúis gan ainm. Bhí roinnt cás ann áfach nár soláthraíodh iomlán na mionsonraí teagmhála do dheontóirí ar an Ráiteas um Shíntiúis áfach. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na hiarrthóirí a bhí i gceist ag iarraidh iomlán na mionsonraí teagmhála do na deontóirí a bhí i gceist. Soláthraíodh an fhaisnéis seo i bhformhór na gcás. I gcás amháin áfach, chuir an t-iarrthóir in iúl don Choimisiún um Chaighdeain nach raibh seoladh an deontóra ar eolas aige. Chomhairligh an Coimisiún um Chaighdeáin don iarrthóir, mura bhféadfaí seoladh an deontóra a dhéanamh amach, go gcaithfí an síntiús, a bhí os cionn €127, a mheas mar shíntiús toirmiscthe gan ainm agus mar gheall air sin, go gcaithfí é a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Soláthraíodh seoladh don deontóir ina dhiaidh sin. Nocht iarrthóir amháin síntiús ar a Ráiteas um Shíntiúis a raibh a luach faoi bhun €127.00. Níor sholáthair an t-iarrthóir ainm agus seoladh don deontóir. Mar gheall go raibh luach an tsíntiúis faoi bhun €127.00 áfach, níor lean an Coimisiún um Chaighdeain leis an scéal leis an iarrthóir.

Níor chuir aon iarrthóir in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas síntiús ón gcoigríoch. Nochtadh síntiúis ar roinnt de na Ráitis um Shíntiúis ó dhaoine nach raibh ina gcónaí ar oileán na hÉireann. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin an dearbhú riachtanach ón iarrthóir i ngach cás gur saoránaigh na hÉireann na daoine a bhí i gceist agus nach raibh na hiarrthóirí faoi thoirmeasc glacadh le síntiúis uathu.

Nocht 103 iarrthóir síntiúis ar a Ráitis um Shíntiúis. Nochtadh síntiúis lenar bhain luach € 531,379.82 san iomlán. (Cuireadh €6,701.60 de seo ar ais chuig na deontóirí). Chuir 196 iarrthóir Ráiteas “nialas” um Shíntiúis ar fáil. Tá mionsonraí ar na síntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghchán na Dála in Aguisín 1 den tuarascáil seo. Níl iarrthóirí a chuir Ráitis “nialas” um Shíntiúis ar fáil san áireamh in Aguisín 1.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin fós ag leanúint leis an Uas. Evelyn Cawley (neamhpháirtí, Cill Mhantáin) go gcomhlánfaidh sí Ráiteas um Shíntiúis/Dearbhú Reachtúil i gceart. Seoladh Ráiteas bunaidh um Shíntiúis an Uas. Cawley ar ais ionas go bhféadfaí mionsonraí ar dheontóirí, a thug síntiúis faoi bhun thairseach na síntiús nach mór a nochtadh, a bhaint amach. Tá an Ráiteas leasaithe um Shíntiúis fós le teacht isteach. Mura bhfaighfear Ráiteas leasaithe um Shíntiúis, beidh ar an gCoimisiún um Chaighdeáin cuimhneamh cé acu an atreoróidh sé an Uas. Cawley ar aghaidh chuig an SIP leis an dlí a chur uirthi, b'fhéidir, sa chion as loiceadh forálacha alt 24(2)(a) den Acht a chomhlíonadh.

2.4 Deimhnithe Síntiús Airgid agus Ráitis Bhainc a Breithníodh

In aineoin go bhfuil an ceanglas, le cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, i bhfeidhm ó 1 Eanáir

2002 agus gur míníodh go fíormhion i dTreoirlínte an Choimisiúin um Chaighdeain le haghaidh olltoghchán na Dála, loic roinnt iarrthóirí ceanglais an Achta a chomhlíonadh

(a) toisc gur loic siad cuntas síntiús polaitíochta a oscailt,
(b) toisc gur loic siad síntiús airgid a thaisceadh do chuntas síntiús polaitíochta in aineoinn go raibh ceann oscailte acu nó go raibh ceann i bhfeidhm acu cheana féin,
(c) toisc gur thaisc siad síntiúis airgid i gcuntas pearsanta a bhí ann cheana féin agus go ndearna siad íocaíochtaí chun críocha polaitíochta ón gcuntas sin,
(d) toisc gur úsáid siad cuntas eagraíocht áitiúil an pháirtí mar a c(h)untas síntiús polaitíochta agus gur sholáthair siad Dearbhú Síntiús Airgid / Ráiteas Bainc i leith an chuntais seo. (Níor chóir d'iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta páirtí a úsáid mar a c(h)untas síntiús polaitíochta ach amháin sa chás go mbíonn an t-iarrthóir ag cur gach síntiús airgid ar aghaidh chuig an bpáirtí, agus sa chás sin, meastar gur síntiúis don pháirtí agus ní don iarrthóir na síntiúis).
(e) toisc gur úsáid siad cuntas comhair chreidmheasa mar chuntas síntiús polaitíochta. Níl comhar creidmheasa san áireamh sa sainmhíniú ar “fhoras airgeadais” atá san Acht.

Cé go bhfuil sé ina chion má loiceann duine Deimhniú Síntiús Airgid agus Dearbhú Reachtúil nó ráiteas ó fhoras airgeadais a chur ar fáil, sa chás gur gá, nó má chuireann duine aon cheann de na cáipéisí seo, agus í bréagach nó míthreorach i ngné ábhartha, ar fáil go feasach, níl aon chion nó pionós ann má loiceann duine cuntas síntiús polaitíochta a oscailt ar an gcéad dul síos. Seo aimhrialtacht ar thagair an Coimisiún um Chaighdeáin di i dtuarascálacha roimhe seo maidir le síntiúis a nochtadh agus sa cháipéis faoin athbhreithniú ar an reachtaíocht a soláthraíodh don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí na Nollag 2003, agus a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt uirthi fós.

Is é an phríomhchúis a thugann iarrthóirí nár éirigh leo gur loic siad cuntas síntiús polaitíochta a oscailt (iarrthóirí neamhpháirtí nó iarrthóirí ó na páirtithe polaitíochta is lú de ghnáth) ná nach raibh siad ar an eolas faoin gceanglas leis sin a dhéanamh. Mhaígh iarrthóirí eile go bhfuair siad líon beag síntiús agus gur úsáid siad na síntiúis seo láithreach chun íoc as speansais toghcháin. I bhfianaise nach bhfuil aon chion nó phionós sonrach sa reachtaíocht má loiceann duine cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin aon rud eile a dhéanamh i ndáil leis na hiarrthoirí seo.

Bhí deacracht ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i roinnt cás le Deimhnithe Síntiús Airgid nó ráitis bhainc a fháil ó iarrthóirí nár éirigh leo agus a thug le fios go raibh cuntais síntiús polaitíochta oscailte acu. Tar éis comhfhreagrais fhada agus teagmhálacha leanúnacha ar an teileafón, fuarthas roinnt Deimhnithe/ráiteas den sórt sin ar deireadh.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin fós ag lorg ráitis bhainc ó iarrthóir amháin (Comhairleoir Jim McGarry, Páirtí an Lucht Oibre, Sligeach / Liatroim Thuaidh). Mura bhfaighfear an ráiteas bainc, beidh ar an gCoimisiún um Chaighdeáin cuimhneamh cé acu an atreoróidh sé an Comhairleoir McGarry ar aghaidh chuig an SIP leis an dlí a chur air, b'fhéidir, i gcion as loiceadh ráiteas bainc a chur ar fáil faoin 19 Iúil 2007, an spriocdháta reachtúil. Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin an pointe i dtuarascálacha roimhe seo cheana féin gurb é a dhearcadh nach réasúnach gur chóir go gcuirfí an dlí ar dhuine, a d'oscail cuntas síntiús polaitíochta ach a loic an cháipéisíocht tacaíochta riachtanach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, agus nach ndlitear an dlí a chur ar dhuine nár oscail cuntas síntiús polaitícohta ar an gcéad dul síos faoin Acht. Dar leis an gCoimisiún um Chaighdeáin go

bhfuil sé práinneach maidir leis sin go bhforáilfear le haghaidh ciona as loiceadh cuntas síntiús polaitíochta a oscailt sa chás go gceanglaítear ar dhuine amhlaidh a dhéanamh.

Caibidil 3 - Caiteachas Toghcháin ag iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta

3.1 Sainmhíniú ar speansais toghcháin

Forálann alt 31(1) den Acht gur speansais toghcháin na speansais sin, agus na speansais sin amháin, a leagtar amach i mír 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht agus a tharraingíonn duine air nó uirthi féin agus maoin, earraí nó seirbhísí á soláthar le húsáid ag an toghchán i rith thréimhse an toghcháin (féach mír 3.7 don sainmhíniú ar thréimhse toghcháin) chun:

(i) leasanna páirtí pholaitíochta nó toghadh iarrthóra a chur chun cinn, nó cur ina gcoinne, nó

(ii) beartais pháirtí pholaitíochta nó tuairimí páirtí pholaitíochta ar bheartais pháirtí pholaitíochta nó iarrthóir eile ag an toghchán, a chur i láthair, nó

(iii) vótaí a lorg do nó i gcoinne iarrthóra ag toghchán, nó

(iv) beartais iarrthóra, nó dearcaí iarrthóra maidir le haon ní i dtaca leis an toghchán, nó tuairimí iarrthóra ar bheartais pháirtí pholaitíochta nó ar iarrthóir eile ag an toghchán, a chur i láthair, nó

(v) tionchar a imirt ar bhealach eile ar thoradh an toghcháin.

Meastar gur speansas toghcháin maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthraítear saor in aisce nó faoi bhun a gcostais agus a úsáidtear ag an toghchán i rith thréimhse an toghcháin agus ní mór cuntas a thabhairt iontu ar a bpraghas tráchtála iomlán lúide aon ghnáthlascaine nó lascaine ginearálta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

3.2 Nithe nach meastar a bheith ina speansais toghcháin

Ní mheastar na nithe seo a leanas, a d'fhéadfadh a bheith ann i rith feachtais olltoghcháin Dála, mar speansais toghcháin:

(i) an costas le cóipeanna a cheannach de chlár na dtoghthóirí;

(ii) costais mhaireachtála réasúnacha (lena n-áirítear cóiríocht) iarrthóra agus oibrithe deonacha atá ag obair thar a c(h)eann. Le cois na gcostas cóiríochta, ceadaíodh caiteachas chomh mór le €50 an duine in aghaidh an lae ar shólaistí, srl., agus níor ghá cuntas a thabhairt iontu.

(iii) "mionspeansais" .i. aon suim arna híoc ag duine amach as a (h)acmhainní féin a "tharraing sé/sí air/uirthi féin go dleathach" agus nach dtéann os cionn €126.97 in aon íocaíocht amháin ar bith;

(iv) speansais toghcháin a tharraing duine air féin ag toghchán Dála, Pharlaimint na hEorpa nó ag toghchán áitiúil roimhe sin agus a nochtadh i Ráiteas um Speansais Toghcháin a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin nó d'údarás áitiúil;

(v) an tseirbhís saorphoist a sholáthraíonn An Post d'iarrthóirí;

(vi) seirbhís saor in aisce a sholáthraíonn duine aonair, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil, theileafón príobháideach srl. an duine aonair, sa chás nach bhfuil an tseirbhís a sholáthraítear ina cuid d'obair nó de ghnó an duine. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbaineann sé seo le seirbhís saor in aisce (lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicle) a sholáthraíonn cuideachta nó gnó;

(vii) seirbhís a sholáthraíonn fostaí páirtí pholaitíochta, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil an duine aonair, sa chás nach bhfuil aon luaíocht nó sochar comhchineáil á fháil ag an bhfostaí seachas a g(h)náthluach saothair (lena n-áirítear forchúiteamh i speansais) don tseirbhís sin. Sá chás go n-íoctar íocaíochtaí ragoibre le fostaí páirtí pholaitíochta de ghnáth as uaireanta breise a oibriú, meastar gur " gnáthluach saothair" é seo agus ní mheastar mar speansas toghcháin é;

(viii) gnáthchlúdach na meán cumarsáide agus craolachán a tharchuirtear ar an raidió nó ar an teilifís thar ceann iarrthóra nó páirtí pholaitíochta. Ní chuimsíonn sé seo aon chostais léiriúcháin nó costais eile a bhaineann le tarchuradóireacht chraolacháin ar raidió nó teilifís;

(ix) úsáid oifigí ar le páirtí polaitíochta iad agus a chuirtear ar fáil d'iarrthóir le húsáid ag an toghchán;

(x) seirbhísí cuntasóra, aturnae srl., cibé acu an íoctar as na seirbhísí nó nach n-íoctar, a fostaíodh chun a chinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais an Achta;

(xi) costais a tharraing duine air/uirthi féin chun éascú le hiarrthóireacht duine ag an toghchán .i. grianghraif le haghaidh páipéar ballóide, costais chúraim leanaí srl..

3.3 Speansais Toghcháin arb as cistí poiblí a íocadh a gcostais ar dtús

Ag teacht ón mbreithiúnas in Kelly v. Aire Comhshaoil & Ors 2002 (4 I.R. 191), inar úsáideadh maoin, seirbhísí nó áiseanna chun críocha toghcháin i rith thréimhse an toghcháin agus gurb as cistí poiblí a íocadh na costais ar dtús, ní mór cuntas a thabhairt i gcostais den sórt sin mar speansais toghcháin ar a luach tráchtála iomlán. Ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2006, luaigh an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil úsáid chistí poiblí chun críocha toghcháin ina saincheist mhór ar gá a athmheas i bhfianaise athruithe a dhéanfar ar an dlí toghcháin amach anseo.

Bhí an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas faoin bhfíoras go mb'fhéidir go gceanglófaí ar roinnt iarrthóirí ag an toghchán a bhí ina n-ionadaithe poiblí cheana féin (m.sh. Feisirí Eorpacha, Seanadóirí agus comhaltaí na n-údarás áitiúil) comhfhreagras a dhéanamh le muintir a ndáilcheantair i rith thréimhse an toghcháin. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh gnó iarmharach maidir leis an dáilcheantar a bheith le déanamh ag comhaltaí a bhí ag imeacht ón Dáil freisin.

Chuir Coimisiún Thithe an Oireachtais ar a shúile don Choimisiún um Chaighdeáin freisin go raibh treoirlínte reachtúla maidir le húsáid áiseanna an Oireachtais tugtha isteach aige, de réir Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2006, do chomhaltaí a bhí ag imeacht ón Dáil. Ba

é cuspóir na dtreoirlínte seo ná:

a) na seirbhísí agus áiseanna, a bheadh nó nach mbeadh ar fáil dóibh tar éis lánscor na Dála, a aithint agus a chur in iúl dóibh; agus

b) leagan amach cén chaoi a gceanglófaí ar chomhaltaí, Coimisiún an Oireachtais a dheimhniú agus a chúiteamh i seirbhísí agus áiseanna, arna maoiniú go poiblí, a úsáideadh seachas i leith dualgas mar ionadaí poiblí.

Baineann na teoirlínte go príomha leis na seirbhísí agus áiseanna sin a lean ar aghaidh tar éis lánscor na Dála, .i. foireann rúnaíochta, úsáid trealaimh oifige agus Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide, teacht ar oifigí Theach Laighean agus úsáid áiseanna teileafóin agus cóipeála. Clúdaíonn na treoirlínte úsáid áiseanna nach raibh ar fáil a thuilleadh ar lánscor na Dála ach a d'fhéadfaí a choinneáil le húsáid tar éis an lánscoir, m.sh., ábhar a clóbhuaileadh in áis chlóbhuailte Theach Laighean, clúdaigh litreach réamhíoctha agus stáiseanóireacht.

Faoi mar a luadh ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2006, is é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin go bhfuil doiléire áirithe ann maidir le céard a bhíonn i gceist le caiteachas ináirithe chun críocha toghcháin agus gníomhaíocht eile de chuid ionadaithe poiblí. Ina fhianaise seo, agus ag cuimhneamh dúinn ar na treoirlínte arna n-eisiúint ag Coimisiún Thithe an Oireachtais, mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur ghá, mar sin, idirdhealú a dhéanamh idir úsáid áiseanna an Oireachtais (lena n-áirítear foireann) le gnó réasúnach don dáilcheantar a dhéanamh agus úsáid áiseanna den sórt sin chun críocha toghcháin. Ina threoirlínte don toghchán, chomhairligh an Coimisiún um Chaighdeáin, sa chás gur úsáideadh áiseanna, ar íocadh a gcostais as cistí poiblí, le haghaidh aon chineál comhfhreagrais gan iarraidh chuig aon duine de na toghthóirí sa dáilcheantar i rith thréimhse an toghcháin, nár mhór na háiseanna a mheas mar áiseanna a úsáideadh chun críocha toghcháin agus cuntas a thabhairt sna costais (ar a luach tráchtála iomlán) mar speansas toghcháin. B'infheidhme é seo i leith ábhair gan iarraidh arna eisiúint ag ionadaithe tofa, seachas ag an iarrthóir, freisin sa chás go gcuireann an t-ábhar iarrthóir chun cinn nó go gcuireann sé i gcoinne iarrthóra nó go bhféachtar, leis an ábhar, le tionchar a imirt ar bhealach eile ar thoradh an toghcháin.

Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ó thaobh gnó iarmharach na gComhaltaí a bhí ag imeacht ón Dáil, chomhairligh an Coimisiun um Chaighdeáin, sa chás gur tarraingíodh fiosrúchán nua anuas le hiarrthóir (.i. fiosrúchán nár tarraingíodh anuas leis an iarrthóir roimh an toghchán) agus é/í i mbun stocaireachta agus gur úsáideadh áiseanna an Oireachtais (lena n-áirítear foireann) chun freagairt don fhiosrúchán, go measfaí na háiseanna mar áiseanna a úsáideadh chun críocha toghcháin.

Roimh an bhfeachtas toghcháin, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt fiosrúchán ó Chomhaltaí a bhí ag imeacht ón Dáil maidir le húsáid fhoireann an Chomhalta agus go háirithe maidir le baill foirne a bheith ag glacadh saoirí. D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin treoirlínte breise ar a shuíomh idirlín lenar pléadh leis an tsaincheist seo go sonrach. Chomhairligh an Coimisiún um Chaighdeáin, dá mbeadh ball d'fhoireann Aire/Aire Stáit nó ball d'fhoireann Chomhalta an Oireachtais i mbun a g(h)náthdhualgas i rith thréimhse an toghcháin agus nach raibh sé/sí ag soláthar seirbhíse a bhí chun críocha toghcháin, nár measadh an costas as gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh mar speansas toghcháin. Chomhairligh an Coimisiún um Chaighdeáin freisin, sa chás gur ghlac ball foirne saoire bliantúil chun oibriú ar fheachtas toghcháin Aire/Comhalta ar bhonn deonach i rith thréimhse

an toghcháin, go measfaí gurb obair a rinneadh mar sheirbhís saor in aisce an obair a rinne siad agus, in aineoinn go bhféadfadh an obair seo a bheith cosúil lena g(h)náthobair, (a d'fhéadfaí a mheas mar shochar comhchineáil), nach measfaí costas a dtuarastail agus iad ag obair go deonach mar speansais toghcháin chun críocha an Achta. Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir go gcoinneofaí taifid chearta ar bun de shaoirí a bhí fabhraithe agus glactha ag an bhfoireann. Agus an chomhairle seo á soláthar aige, choinnigh an Coimisiún um Chaighdeáin i gcuimhne gur shocraigh an Ard-Chúirt, in achainí Kathy Sinnott 2003, sa chás gur roghnaigh duine, a íocadh as cistí poiblí, saoire bliantúil íoctha a ghlacadh chun oibriú i gcáil oibrí dheonaigh neamhíoctha, nach raibh tuarastal an duine sin ináirithe mar speansas toghcháin.

Ba faoin ngníomhaire toghcháin (nó faoi ghníomhaire náisiúnta páirtí pholaitíochta, dá mba chuí) agus faoin iarrthóir, i gcomhairle le soláthraí na maoine, seirbhísí nó áiseanna, a bhí sé luach úsáid den sórt sin chun críocha toghcháin a dhéanamh amach agus cuntas a thabhairt ann seo sa Ráiteas ábhartha um Speansais Toghcháin. Cé go n-aithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin gur ceist idir an t-iarrthóir agus an soláthraí a bhíonn i gceist ar an gcéad dul síos an ngearrfar táille ar áiseanna, dar leis go bhfuil gá le soiléire maidir leis an mbealach a mheasúnaíonn na hiarrthóirí féin eilimint na toghchánaíochta d'úsáid na n-áiseanna seo. Faoi mar a moladh ina thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2006, is é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin gurbh fhearr a chinnteofaí go mbeadh cothrom na féinne ag gach iarrthóir ach soiléire den sórt sin a sholáthar faoi chuimsiú raon an chóid toghcháin, seachas mar chuid de reachtaíocht eile, ar rí-léir go ngabhann cuspóir ar leithligh ar fad léi (Acht Choimisiún Thithe an Oireachtais 2006).

3.4 Ceapachán gníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí

De réir alt 28 den Acht, ceanglaítear ar gach iarrthóir ag olltoghchán Dála gníomhaire toghcháin a cheapadh chun speansais toghcháin a tharraingt air/uirthi féin thar a c(h)eann. Féadfaidh iarrthóir ceapachán gníomhaire toghcháin a aisghairm nó féadfaidh gníomhaire toghcháin éirí as mar ghníomhaire toghcháin iarrthóra ag tráth ar bith roimh nó i ndiaidh lá na vótaíochta (ach ní tar éis do Ráiteas um Speansais Toghcháin a bheith curtha ar fáil). Féadfaidh iarrthóir gníomhú mar a g(h)níomhaire toghcháin féin.

Is é gníomhaire toghcháin an iarrthóra an t-aon duine ar féidir leis nó léi speansais toghcháin a tharraingt air/uirthi féin thar ceann an iarrthóra ag an toghchán. (Féadfaidh gníomhaire náisiúnta páirtí pholaitíochta speansais a tharraingt air/uirthi féin thar ceann iarrthóra freisin ón tsuim arna sannadh don pháirtí ag an iarrthóir - féach mír 3.5). Is féidir leis an ngníomhaire toghcháin daoine eile a údarú, lena n-áirítear an t-iarrthóir, chun speansais toghcháin a tharraingt air/uirthi féin thar a c(h)eann. D'údaraigh gníomhairí toghcháin iarrthóirí agus/nó stiúrthóirí toghcháin chun suim shonraithe de speansais toghcháin a tharraingt orthu féin i gcuid mhaith cás. Ní mór don ghníomhaire toghcháin cuntas a thabhairt i ngach speansas arna dtarraingt orthu féin ag “daoine údaraithe” den sórt sin. Prionsabal bunúsach atá mar bhonn is mar thaca leis an gcuid seo den Acht is ea an fíoras nach mór gach speansas toghcháin arna dtarraingt thar ceann iarrthóra a bheith údaraithe ag a g(h)níomhaire toghcháin. Fágann sé go mbíonn an gníomhaire toghcháin in ann caiteachas toghcháin, a tharraingítear thar ceann an iarrthóra, a rialú, agus a chinntiú go gcloítear leis an teorainn chaiteachais atá ar fáil don ghníomhaire toghcháin.

Forálann alt 31(8A) den Acht, sa chás gur tharraing iarrthóir speansais toghcháin air/uirthi

féin sular ceapadh gníomhaire toghcháin, nach mór dó/di mionsonraí ar na speansais a tharraing sé/sí air/uirthi féin a sholáthar don ghníomhaire toghcháin. Tá sé ina chion má loiceann an t-iarrthóir faisnéis den sórt sin a sholáthar do ghníomhaire toghcháin agus gan dóthain ama a fhágáil ag an ngníomhaire toghcháin le Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil de réir cheanglais alt 36 den Acht. I rith agus tar éis an fheachtais toghcháin, chuir roinnt gníomhairí toghcháin in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go raibh deacrachtaí acu le mionsonraí a dhaingniú ó iarrthóirí ar na speansais toghcháin a tharraing siad orthu féin. Chomhairligh an Coimisiún um Chaighdeáin do na gníomhairí toghcháin a n-oibleagáidí dlí faoi alt 31(8A) den Acht a chur in iúl do na hiarrthóirí. B'éigean don Choimisiún um Chaighdeáin scríobh chuig iarrthóir áirithe uair amháin maidir le ceanglais alt 31(8A) agus comhad faoin scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí/SIP ar deireadh (féach mír 3.14).

Ceanglaíonn na nósanna imeachta a leagadh amach in alt 28 den Acht ar na Cinn Chomhaireamh le haghaidh gach dáilcheantar gach iarrthóir a bhí le dul san iomaíocht sa toghchán a fhógairt don Choimisiún um Chaighdeáin chomh maith le mionsonraí ar a ngníomhairí toghcháin. Ceanglaítear ar Chinn Chomhairimh fógra a sheoladh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin má fhógraíonn iarrthóir athrú gníomhaire toghcháin dóibh. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin glacadh leis an bhfaisnéis faoi mar a sholáthraíonn an Ceann Comhaireamh í agus ní fhéadfaidh sé glacadh le Ráiteas um Speansais Toghcháin ach amháin sa chás go mbeidh sé comhlánaithe ag an duine a fógraíodh dó mar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra.

Níor neamhghnách ag olltoghchán 2002 go bhfaigheadh an Coimisiún um Chaighdeáin Ráiteas um Speansais Toghcháin a bhí comhlánaithe ag duine eile seachas an duine a fógraíodh dó mar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra. Cé go gcuireann na páipéir oifigiúla ainmniúcháin an ceanglas in iúl d'iarrthóirí le gníomhaire toghcháin a cheapadh, níl aon fhoráil ann go gcuirfeadh iarrthóirí mionsonraí ar a ngníomhairí toghcháin síos ar na páipéir ainmniúcháin. Agus fiosrúcháin déanta againn leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, cuireadh in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nach mbeadh sé indéanta mionsonraí ar na gníomhairí toghcháin a chur isteach ar na páipéir ainmniúcháin chomh maith. Chun éascú le daoine mionsonraí cearta a sholáthar ar ghníomhairí toghcháin, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin foirm a tháirgeadh a d'eisigh sé chuig gach Ceann Comhairimh. Iarradh ar Chinn Chomhairimh iarraidh ar iarrthóirí an fhoirm seo a chomhlánú agus a gcuid páipéar ainmniúcháin á gcur isteach acu. Chomhlíon formhór na gCeann Comhairimh an iarraidh seo agus chinntigh sé seo go raibh taifead scríofa ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ar an duine a fógraíodh don Cheann Comhairimh mar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra.

Soláthraíonn na príomhpháirtithe polaitíochta mionsonraí don Choimisiún um Chaighdeáin ar a n-iarrthóirí agus ar a ngníomhairí toghcháin roimh an toghchán de ghnáth. Éascaíonn sé seo le treoirlínte a eisiúint chuig na hiarrthóirí seo agus chuig a ngníomhairí toghcháin go tráthúil. I gcás iarrthóirí roinnt de na páirtithe polaitíochta atá níos lú áfach agus go leor de na hiarrthóirí neamhpháirtí, is ón gCeann Comhairimh a fhaigheann an Coimisiún um Chaighdeáin an chéad fhógra faoina n-iarrthóireacht, nó faoi cheapachán oifigigh thoghcháin. Lena chinntiú gur scaipeadh a threoirlínte a ghasta agus is féidir ar na hiarrthóirí agus gníomhairí toghcháin seo, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gach ceann comhairimh an 27 Aibrean 2007 ag iarraidh orthu mionsonraí ar gach iarrthóir a bhí ag dul san iomaíocht sa toghchán sa dáilcheantar agus ar a ngníomhairí toghcháin a sheoladh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ar an bhfacs nó ríomhphost a luaithe agus ab fhéidir tar éis clabhsúr a bheith curtha le hainmniúchá in don toghchán (12.00 nóin an 8ú Bealtaine 2007).

Is mian leis an gCoimisiún um Chaighdeáin buíochas a ghabháil le Cinn Chomhairimh as an méid a d'iarr sé orthu a dhéanamh ó thaobh an fhoirm thuas a úsáid agus an fhaisnéis ábhartha a sholáthar ar bhealach tráthúil.

In aineoinn feabhsuithe ar olltoghchán 2002, tá forálacha alt 28 den Acht ina n-údar imní don Choimisiún um Chaighdeáin go fóill. Creideann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil an téarma "gníomhaire toghcháin" ag cur mearbhaill ar dhaoine ach go háirithe agus gur gá é a leasú san Acht. Forálann alt 59 d'Acht Toghcháin 1992 (Acht 1992) le haghaidh "gníomhairí toghcháin" a cheapadh freisin chun cabhrú leis an iarrthóir go ginearálta i ndáil le holltoghchán Dála agus le haghaidh leasghníomhairí a cheapadh chun a bheith i láthair thar cheann an iarrthóra chun vótaí a chomhaireamh agus chun críocha sonracha eile arna leagan amach in Acht 1992. *Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin go mbaineann an téarma "gníomhaire toghcháin" faoi mar a leagadh amach in Acht 1997 leis na feidhmeanna seo, dar le roinnt iarrthóirí, agus fógraíonn siad "gníomhairí" den sórt sin mar a ngníomhaire toghcháin in aineoinn nach bhfuil feidhm ar bith ag na daoine seo i ndáil le speansais, a tharraingítear thar ceann an iarrthóra ag an toghchán, a rialú.* Ní fhéadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin glacadh le Ráiteas um Speansais Toghcháin ach amháin sa chás go bhfuil sé comhlánaithe ag an duine a fógraíodh dó mar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra. Nuair a fhógraítear mionsonraí míchearta faoin ngníomhaire toghcháin don Cheann Comhairimh, cuirtear an t-am agus an costas arna infheistiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus na páirtithe polaitíochta iad féin, le gníomhairí toghcháin a chur ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta, amú. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gurb ag na gníomhairí toghcháin a bhíonn neamhchleachtaithe le ceanglais na reachtaíochta a mbíonn na deacreachtaí is mó lena gcuid foirmeacha le haghaidh Ráiteas um Speansais Toghcháin a chomhlánú i gceart. *Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir go leasófaí an téarma "gníomhaire toghcháin" faoi mar a leagtar amach san Acht é chuig "oifigeach cuntasaíochta um chaiteachas toghcháin" nó "gníomhaire caiteachais toghcháin"*.

Faoi mar a tharla le holltoghchán 2002, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt Ráiteas um Speansais Toghcháin a bhí comhlánaithe ag duine eile seachas an duine a fógraíodh mar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra. Faoi mar a dúradh thuas, ní mór fógra faoi athrú gníomhaire toghcháin a chur tríd an gCeann Comhairimh don dáilcheantar. Fágann sin go mbíonn leibhéal maorlathais neamhriachtanach i gceist do gach duine a bhaineann leis an scéal agus cuireann sé moill ar an gCoimisiún um Chaighdeáin na Ráitis áirithe seo um Speansais Toghcháin a thabhairt chun críche. I bhfianaise nach ndéanann mionsonraí an ghníomhaire toghcháin cuid de na páipéir ainmniúcháin, measann an Coimisiún um Chaighdeáin gurbh fhearr dá gceanglófaí ar iarrthóirí ceapachán nó athrú gníomhaire toghcháin a fhógairt don Choimisiún um Chaighdeáin go díreach.

3.5 Ceapachán gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta

De réir alt 28(1) den Acht, ceanglaíodh ar gach ceann de na páirtithe polaitíochta gníomhaire náisiúnta a cheapadh chun speansais a tharraingt orthu féin thar ceann an pháirtí ag an toghchán. Ceanglaíonn an tAcht ar na páirtithe ceapachán gníomhaire náisiúnta a fhógairt don Choimisiún um Chaighdeáin tráth nach déanaí ná an lá deiridh a nglacfar le hainmniúcháin ag an toghchán (8 Bealtaine 2007). Mura mbíonn an fhaisnéis ábhartha soláthraithe ag páirtí polaitíochta faoin lá deiridh le hainmniúcháin a tharraingt siar (9 Bealtaine 2007), meastar gur ceapadh oifigeach cuí an pháirtí (arna cheapadh faoi alt 71 den Acht) mar ghníomhaire náisiúnta an pháirtí. Mura mbíonn aon oifigeach cuí ceaptha, meastar gurb é ceannaire an

pháirtí oifigeach cuí an pháirtí, agus mar gheall air sin, gur ceapadh é mar ghníomhaire náisiúnta an pháirtí.

Bhí iarrthóirí ag dul san iomaíocht ag olltoghchán na Dála ag naoi bpáirtí polaitíochta. Chuir ocht gcinn de na páirtithe sin in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin gur ceapadh gníomhaire náisiúnta. Toisc nár chuir an Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí in iúl don Choimisiún um Cheapacháin gur ceapadh gníomhaire náisiúnta, measadh gurbh é a oifigeach cuí gníomhaire náisiúnta an pháirtí. De réir alt 6(a) den Acht, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Iris Oifigiúil, an 14 Bealtaine 2007, ainmneacha agus seoltaí na ngníomhairí náisiúnta a ceapadh, nó a measadh a bheith ceaptha, ag gach ceann de na páirtithe polaitíochta.

Is é an gníomhaire náisiúnta an t-aon duine ar féidir leis nó léi speansais a tharraingt air/uirthi féin thar ceann an pháirtí as an teorainn chaiteachais arna sannadh dó ag a iarrthóirí (féach 3.6 thíos). Sa chás gur tarraingíodh speansais ag nó thar ceann páirtí pholaitíochta roimh cheapachán gníomhaire náisiúnta, ní mór don pháirtí mionsonraí ar gach speansas den sórt sin a chur ar fáil don ghníomhaire náisiúnta in éineacht le gach dearbhán ábhartha. Is féidir leis an ngníomhaire náisiúnta daoine eile a údarú chun caiteachas a tharraingt orthu féin nó íocaíochtaí a dhéanamh faoi chuimsiú teorainneacha sonracha arna socrú ag an ngníomhaire náisiúnta. Ní mór don ghníomhaire náisiúnta cuntas a thabhairt i gcaiteachas ag gach duine údaraithe den sórt sin.

Is féidir le caiteachas, a dhéanfaidh an gníomhaire náisiúnta as an tsuim arna sannadh don pháirtí, a bheith ar na hiarrthóirí nó ar leibhéal náisiúnta. Is éard is caiteachas ar iarrthóir ann ná caiteachas lena n-aithnítear agus lena gcuirtear iarrthóir(í) chun cinn i ndáilcheantar. Tá 'foireann' an pháirtí i ndáilcheantar san áireamh leis seo. Sa chás go mbíonn ceannaire páirtí agus a iarrthóirí le feiceáil ar ábhair thoghcháin (m.sh. póstaeir, cláir fhógraí), measadh gur tarraingíodh an caiteachas ar na hiarrthóirí a bhí i gceist agus ní ar cheannaire an pháirtí. Ní féidir le caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta ar iarrthóir áirithe dul thar an tsuim arna sannadh don pháirtí ag an iarrthóir sin. Ní féidir cuid ar bith de theorainn chaiteachais iarrthóra a aistriú ó iarrthóir amháin de chuid an pháirtí chuig ceann eile i ndáilcheantar.

Ní bhaineann caiteachas náisiúnta go díreach le hiarrthóirí a chur chun cinn i ndáilcheantair. Bíonn tagairt san áireamh leis go ginearálta don pháirtí, dá cheannaireacht, dá bheartais nó do shaincheisteanna toghcháin i gcomhthéacs náisiúnta, agus lena ábhar agus lena fhairsinge is a spréitear an t-ábhar ar bhonn tíreolaíoch, bíonn sé dírithe ar vótaí a mhealladh sa tír iomlán. Bíonn caiteachas den sórt sin ar nithe amhail forógra an pháirtí, craolacháin pholaitíochta an pháirtí, camchuairteanna cheannaire an pháirtí, srl. Sa chás go mbíonn baill de cheannaireacht an pháirtí nó urlabhraithe an pháirtí i gcraolacháin pholaitíochta de chuid páirtí, measadh gur caiteachas náisiúnta na speansais a tarraingíodh agus ní measadh gur speansais iad a tarraingíodh ar na hiarrthóirí aonair.

3.6 Teorainneacha Caiteachais

Forálann alt 3(1) den Acht go bhféadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil méadú a ordú, ar aon dul leis an Innéacs Praghasanna do Thomhaltóirí (CPI), ar na teorainneacha reachtúla caiteachais ag toghcháin Dála. An 14 Márta 2007, rinne an tAire, agus aird aige ar athruithe ar an Innéacs ó Mheán Fómhair 2001, (an uair deiridh gur méadaíodh na teorainneacha caiteachais) ordú (An tOrdú um an Acht Toghcháin 1997 (Caiteachais Toghcháin i dToghchán Dála a Theorannú agus a Chúiteamh) 2007 (Uimh. I.R.

113 de 2007)) lenar méadaíodh na teorainneacha reachtúla caiteachais mar seo a leanas:

Dáilcheantar 3 shuíochán - méadaíodh ó €25,394.76 go dtí €30,150.00
Dáilcheantar 4 shuíochán - méadaíodh ó €31,743.45 go dtí €37,650.00
Dáilcheantar 5 shuíochán - méadaíodh ó €38,092.14 go dtí €45,200.00

Is le haghaidh gach iarrthóir i ndáilcheantar an teorainn reachtúil chaiteachais agus tá CBL san áireamh léi. Is ionann an teorainn reachtúil agus an t-uaschaiteachas a cheadaítear a dhéanamh ar iarrthóir i ndáilcheantar agus tá gach caiteachas ag an ngníomhaire toghcháin agus ag páirtí polaitíochta (idir an phríomhoifig agus eagraíocht áitiúil) ar iarrthóir san áireamh leis. Ní cheadaítear do pháirtí polaitíochta aon chaiteachas ar leithligh nó aon chaiteachas breise a dhéanamh ar iarrthóir os cionn na suime a shann an t-iarrthóir don pháirtí.

D'fhéadfadh iarrthóir, a bheadh ag dul san iomaíocht sa toghchán thar ceann páirtí pholaitíochta, suim a t(h)eorainne caiteachais a shannfaí don pháirtí le caitheamh ag gníomhaire náisiúnta an pháirtí, a chomhaontú i scríbhinn, lena p(h)áirtí polaitíochta. D'fhéadfadh sé seo a bheith chomh mór le 100% de theorainn an iarrthóra. Níl aon oibleagáid dlí ar iarrthóir áfach le haon suim a shannadh don pháirtí. Dá ndiúltódh iarrthóir aon chuid den teorainn reachtúil chaiteachais a shannadh don pháirtí, ní fhéadfadh an páirtí aon speansais a tharraingt air féin ar an iarrthóir sin ag an toghchán (ach amháin sa chás go n-údaraíonn gníomhaire toghcháin an iarrthóra don pháirtí amhlaidh a dhéanamh). Ní féidir le gníomhaire toghcháin an iarrthóra ach an tsuim den teorainn chaiteachais don iarrthóir a chaitheamh a bheidh fágtha tar éis don tsuim don pháirtí a bheith sannta.

Ní shonraítear san Acht cathain go gcaithfear an tsuim a shannadh, nó ath-idirbheartaíocht i leith an tsuim a shannfar a chosc ag céim ar bith i rith nó go deimhin tar éis an fheachtais toghcháin. Chomhairligh an Coimisiún um Chaighdeáin ina threoirlínte gur chóir na suimeanna a shannfar a chomhaontú sula ndéanfaidh gníomhairí aon speansais a tharraingt orthu féin. Cé gurbh é seo an cleachtas go ginearálta, rinneadh ath-idirbheartaíocht i leith na suimeanna a bhí le sannadh i rith nó tar éis an fheachtais toghcháin i gcuid mhaith cás. Ní léir don Choimisiún um Chaighdeáin cibé an bhfuil an cumas, le hath-idirbheartaíocht a dhéanamh i leith suim a shannfar, i gceist mar chuid den Acht. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin sásta áfach, nach bhfuil sé i riocht, ó thaobh an dlí de, diúltú glacadh le hath-idirbheartaíocht a rinneadh i leith suim a bhí le sannadh fiú tar éis do Ráiteas um Speansais Toghcháin a bheith curtha ar fáil dó. Bhí roinnt cás ann ina ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith an tsuim a bhí le sannadh tar éis an spriocdháta reachtúil lena nglacfaí le Ráitis um Speansais Toghcháin. B'éigean an ath-idirbheartaíocht a dhéanamh i bhformhór na gcás toisc go ndeachaigh an gníomhaire toghcháin os cionn na teorainne caiteachais a bhí ar fáil dó/di tar éis don tsuim a bheith sannta don pháirtí.

Forálann an tAcht go sonrach áfach, nach mór an tsuim chomhaontaithe a shannfar a dhéanamh i scríbhinn idir iarrthóir agus an páirtí. Sa chás go ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith na suimeanna a bhí le sannadh, b'éigean comhaontú nua scríofa a chur le chéile agus ceanglaíodh ar ghníomhairí toghcháin cóip den chomhaontú scríofa a chur ar fáil in éineacht lena gcuid Ráiteas um Speansais Toghcháin.

3.7 Tréimhse an Toghcháin

Is infheidhme an teorainn chaiteachais ag olltoghchán Dála i leith gach speansas dá

dtarraingíonn gníomhairí orthu féin agus i leith gach íocaíocht arna ndéanamh acu le maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar a úsáidtear chun críocha toghcháin i rith “thréimhse an toghcháin". Forálann alt 31(3)(a) den Acht gurb ó dháta lánscoir na Dála (29 Aibreán 2007) chomh fada le lá na vótaíochta ag an toghchán (24 Bealtaine 2007), agus an dá dháta sin san áireamh, an tréimhse toghcháin ag olltoghchán Dála.

Ní mór cuntais a thabhairt i speansais a tarraingíodh nó in íocaíochtaí a rinneadh ag tráth ar bith roimh dháta lánscoir na Dála ar mhaoin, earraí nó ar sheirbhísí a úsáidtear i rith thréimhse an toghcháin. Is é an eisceacht maidir leis seo ná costas pobalbhreithe nó suirbhé eile cosúil leis a dhéantar i dtréimhse na **60 lá** roimh lá na vótaíochta. Meastar costas den sórt sin mar speansas toghcháin agus ní mór cuntas a thabhairt ann.

Má tarraingíodh speansais nó má rinneadh íocaíochtaí i leith maoine, earraí nó seirbhísí a raibh sé beartaithe iad a úsáid ach nár úsáideadh iad, nó nár úsáideadh ach cuid díobh, i rith thréimhse an toghcháin, níor ghá cuntas a thabhairt sa chuid nár úsáideadh. Ar an gcaoi chéanna, níor ghá cuntas a thabhairt i speansais a tarraingíodh nó in íocaíochtaí a rinneadh i leith maoine, earraí nó seirbhísí a úsáideadh roimh nó tar éis thréimhse an toghcháin. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i measc roinnt samplaí de seo:

- ábhar bolscaireachta arna scaipeadh ag iarrthóirí/páirtithe polaitíochta sular cuireadh tús le tréimhse an toghcháin;
- costais árachais nó chíosa a bhaineann le háitreabh feachtais nó le feithiclí sa mhéid is go mbaineann na costais le tréimhse roimh agus/nó tar éis tréimhse an toghcháin;
- fógraí “Buíochais” arna scaipeadh tar éis an toghcháin;
- na costais a bhaineann le póstaeir a bhaint anuas tar éis an toghcháin.

Ina threoirlínte don olltoghchán, chomhairligh an Coimisiún um Chaighdeáin go measfaí mar speansais toghcháin fógráin a bhí le feiceáil i nuachtáin, in irisí nó i bhfoilseacháin eile agus lenar bhain dáta foilsiúcháin a bhí i rith thréimhse an toghcháin. Má bhí an dáta foilsithe roimh nó tar éis thréimhse an toghcháin, ní mheasfaí na fógráin mar speansais toghcháin. Is é an chúis leis an gcomhairle seo ná go mbíonn go leor nuachtán áitiúil ar fáil le ceannach roimh a ndáta foilsithe. Ní bhíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in ann an dáta a bheidh gach nuachtán áitiúil ar fáil a dhéanamh amach. Glactar leis mar sin gurb é dáta foilsithe an pháipéir an bonn lena dhéanamh amach cibé acu an n-úsáidtear fógrán i rith thréimhse an toghcháin nó nach n-úsáidtear. Luadh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin go mb'fhéidir go ndearna nuachtán áirithe, a d'athraigh a dháta foilsithe, é sin lena chinntiú nach measfaí mar speansais toghcháin fográin a bhí ann i rith sheachtain deiridh an fheachais toghcháin. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin aon rud a dhéanamh maidir leis seo. D'fhéadfadh sé an Coimisiún um Chaighdeáin a spreagadh áfach chun a chomhairle i ndáil le fógráin nuachtáin a athbhreithniú áfach.

Bhí go leor fianaise ann i rith an toghcháin faoi chaiteachas réamhthoghcháin ag páirtithe agus iarrthóirí agus bhí sé go mór i mbéal na ndaoine. Níor ceanglaíodh ar pháirtithe agus ar iarrthóirí cuntas a thabhairt i gcaiteachas den sórt sin mura úsáideadh na hábhair a bhí i gceist i rith thréimhse an toghcháin. Cuireadh buairimh in iúl, a raibh údar maith leo, gur laghdaíodh éifeachtacht na dteorainneacha caiteachais toisc go rabhthas ag caitheamh chaiteachas an fheachtais roimh thréimhse an toghcháin.

Is iomaí uair a d'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin go ndéanfaí athbhreithniú ar “thréimhse

an toghcháin" ag toghcháin Dála agus Eorpacha. Baineann tábhacht ar leith leis seo sa chás go reáchtáiltear olltoghchán Dála tar éis téarma iomlán a oifige a bheith comhlíonta ag rialtas. (Sa chás go ngairtear toghchán gan choinne, ní dócha go dtiocfadh an cheist, ó thaobh formhór an chaiteachais a bheith déanta roimh thréimhse an toghcháin, chun cinn). Ina athbhreithniú ar an Acht in 2003, dúirt an Coimisiún um Chaighdeáin *"Mar gheall ar leibhéal na díospóireachta agus na tráchtaireachta faoin tsaincheist seo (tréimhse an toghcháin) agus go bhféadfadh a leithéid an bonn a bhaint den éifeachtacht, a fheictear a bheith leis an reachtaíocht, go mór, is é dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin gur chóir cuimhneamh cé acu, i leith tréimhse sonraithe sula gcuirtear tús le tréimhse an toghcháin arna sainmhíniú leis an dlí, an bhfuil cás ann go bhforchuirfí cuntasacht éigin i gcomhthéacs na dteorainneacha caiteachais."* D'at reisigh taithí an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fheachtas toghcháin 2007 an dearcadh seo.

Is é cuspóir na dteorainneacha caiteachais ná go mbeidh cothrom na féinne ag gach iarrthóir agus free for all ó thaobh caiteachais toghcháin a sheachaint. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur bunphrionsabal den Acht e seo. Má dhéantar caiteachais toghcháin a theorannú, laghdaíonn sin a spleáiche is a bhíonn iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta ar ranníocaíochtaí polaitíochta chun feachtais toghcháin a mhaoiniú agus aithníonn Comhairle na hEorpa agus Grúpa na mBallstát i gcoinne na Caimiléireachta (GRECO) é mar uirlis éifeachtach chun an chaimiléireacht a throid. Is léir anois go gceapann an pobal nach bhfuil an reachtaíocht ag baint amach an aidhm a luaitear leis maidir le caiteachas ag toghcháin, ag páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí, a theorannú. Níl aon amhras ar an gCoimisiún um Chaighdeáin go mbaintear an bonn den chuspóir a bhaineann le teorainneacha caiteachais a bheith i bhfeidhm, toisc nach bhfuil tréimhse éifeachtach toghcháin ann ag olltoghchán Dála, agus go siúlann an baol leis sin go dtarraingeofar míchlú ar fhorálacha an Achta a rialaíonn teorainneacha caiteachais toghcháin. Tá an chontúirt ann, mura dtugtar aghaidh go sásúil ar an tsaincheist ó thaobh na tréimhse toghcháin ag toghcháin Dála agus Eorpacha, go bhfeicfear do dhaoine nach bhfuil san obair maidir le cuntas a thabhairt i gcaiteachas ag toghcháin den sórt sin ach rud ar mhaithe le páipéarachas.

Is é an tsaincheist bhuntábhachtach ó thaobh fad thréimhse an toghcháin a dhéanamh amach ná cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpointe go dtéann caiteachas, ar ghníomhaíocht a bhaineann le cúrsaí toghchánaíochta a tharlaíonn roimh lánscor na Dála, i bhfeidhm ó thaobh feasacht na vótóirí agus gur chóir an caiteachas sin a mheas, mar sin, mar chaiteachas toghcháin. Measann an Coimisún um Chaighdeáin, cé go n-aithníonn sé gá go mbunódh agus go méadódh iarrthóirí nua próifíl i ndáilcheantar, go bhféadfaí caiteachas ar mhaoin, earraí nó ar sheirbhísí a úsáidtear chun críocha toghcháin i rith tréimhse 2/3 mhí roimh lá na vótaíochta, a fhorléiriú le reasún mar chaiteachas a bhí beartaithe le tacaíocht a lorg ag an toghchán d'iarrthóir nó do pháirtí polaitíochta. Chaithfi taifead caiteachais a choinneáil ar bun ionas, dá mba ghá, go bhféadfadh an gníomhaire ábhartha cuntas a thabhairt ann tar éis an toghcháin. Tar éis do thréimhse na dtrí mhí a bheith dulta in éag i ndáil le mír áirithe chaiteachais agus gan an Dáil a bheith lánscoirthe go fóill, níor ghá an taifead i leith na míre sin a choinneáil a thuilleadh. Cheanglófaí ar iarrthóirí a ngníomhairí a bheith socraithe acu achar maith roimh an toghchán mar sin. Is eol don Choimisiún um Chaighdeáin go mb'fhéidir gur mhó é seo mar ualach ar iarrthóirí agus ar ghníomhairí toghcháin ach dar leis, dá aineoinn sin, gur fiú cuimhneamh ar an gcur chuige seo agus go bhfáilteofaí roimhe go ginearálta dá mbeadh sé le cabhrú leis an gcuspóir a bheartaítear leis an gcuid seo den Acht - caiteachas toghcháin a theorannú - a bhaint amach.

3.8 Foirmeacha a Eisíodh le haghaidh Ráiteas um Speansais Toghcháin

Ceanglaíodh ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóir a chuaigh san iomaíocht san olltoghchán foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a chur ar fáil. Ghníomhaigh roinnt gníomhairí toghcháin le haghaidh níos mó ná iarrthóir amháin. I gcáis den sórt sin, ceanglaíodh ar an ngníomhaire toghcháin foirm ar leith le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a chur ar fáil i leith gach iarrthóir. Chuaigh 466 iarrthóir aonair san iomaíocht sa toghcháin. Chuaigh an tUas. Colm Callanan (an Páirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí) san iomaíocht sa toghchán in dhá dháilcheantar agus chuaigh an tUas. Noel O'Gara (Neamhpháirtí) san iomaíocht sa toghchán i gceithre dháilcheantar. Ceanglaíodh ar an Uas. Callanan agus ar an Uas. O'Gara foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a chomhlánú le haghaidh gach dáilcheantar a ndeachaigh siad san iomaíocht sa toghchán ann. B'éigean 470 foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin san iomlán. Ceanglaíodh ar an naoi bpáirtí pholaitíochta a raibh iarrthóirí san iomaíocht sa toghchán acu foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a chur ar fáil freisin. B'éigean 479 foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghchain a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin mar sin.

Forálann alt 36(2) den Acht go mbeidh Ráiteas um Speansais Toghcháin i gcruth arna ordú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Cuireadh foirm shamplach le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin isteach mar Aguisín leis na treoirlínte foilsithe. Bhí roinnt mionathruithe ar an bhfoirm shamplach san fhoirm a eisíodh do ghníomhairí toghcháin ina dhiaidh sin (GE/07/EES/EA). Tháirg an Coimisiún um Chaighdeáin foirmeacha le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin freisin le húsáid ag gníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta. Rinneadh an fhoirm a shaindearadh i ngach cás go mbeadh ainm, agus mionsonraí eile, ar gach iarrthóir den pháirtí a chuaigh san iomaíocht sa toghchán, san áireamh inti.

Thug na foirmeacha le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin, d'idir ghníomhairí toghcháin agus ghníomhairí náisiúnta, orthu cuntas a thabhairt i speansais toghcháin ar leithligh, sa chás gur íocadh na costais as cistí poiblí ar dtús. Ba é an cuspóir a bhí leis seo ná go mbeadh sé ar chumas an Choimisiúin um Chaighdeáin mionsonraí a sholáthar ar chostais den sórt sin agus, dá mba ghá, na suimeanna seo a réiteach leis na suimeanna a chúitigh Comhaltaí, a bhí ag imeacht, le Coimisiún Thithe an Oireachtais as áiseanna den sórt sin a úsáid chun críocha toghcháin.

Eisíodh Foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin ar an bpost cláraithe chuig gach gníomhaire toghcháin idir an 8ú agus an 12ú Meitheamh 2007 agus chuig gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíocha an 18ú Meitheamh 2007. Bhí nóta míniúcháin ag gabháil le gach foirm lenar soláthraíodh mionsonraí teagmhála d'fhoireann rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin. Comhairlíodh do ghníomhairí dul i dteagmháil leis an rúnaíocht mura raibh siad cinnte faoi aon ghné den fhoirm. Bhí foireann na rúnaíochta ar fáil freisin chun bualadh le gníomhairí toghcháin a raibh comhairle ag teastáil uathu maidir leis an bhfoirm a chomhlánú. Ceanglaíodh ar ghníomhairí na foirmeacha a chur ar fáil faoin 19 Iúil 2007, an spriocdháta reachtúil.

3.9 Foirmeacha le haghaidh Ráiteas um Speansais Toghcháin a Fuarthas ó Ghníomhairí Toghcháin

Fuarthas 354 foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin ó ghníomhairí toghcháin faoin 19 Iúil 2007, an spriodháta reachtúil. Faoi mar a bhí cúrsaí ag an 26 Iúil 2007, bhí 64

Ráiteas um Speansas Toghcháin fós amuigh. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na gníomhairí a bhí i gceist ar an dáta sin á chomhairliú dóibh go bhfuil sé ina chion faoi alt 43(2)(c) den Acht loiceadh Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil faoin spriocdháta reachtúil.

Faoin 3 Lúnasa 2007, bhí 37 Ráiteas um Speansais Toghcháin fós amuigh. Sheol an Coimisiún um Chaighdeáin meabhrúchán eile ar an dáta sin chuig na gníomhairí a bhí i gceist. An 14 Lúnasa 2007, agus 28 Ráiteas um Speansais Toghcháin fós amuigh, eisíodh meabhrúchán deiridh chuig na gníomhairí a bhí i gceist. Comhairlíodh do na gníomhairí, mura bhfaighfí Ráiteas um Speansais Toghcháin faoi cheann seacht lá, go gcuimhneodh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí. (Chomhairligh Oifig an SIP don Choimisiún um Chaighdeáin roimhe seo déileáil le húdaráis an Gharda Síochána go díreach i ndáil le cionta den sórt sin faoin Acht). An 28 Lúnasa 2007, d'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin ar na Gardaí na gníomhairí toghcháin seo a leanas a imscrúdu as loiceadh Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil:

An tUas. Thomas King a ghníomhaigh mar a ghníomhaire toghcháin féin (Neamhpháirtí, Gaillimh Thiar);
An Uas. Margaret Murphy a ghníomhaigh mar ghníomhaire toghcháin don Uas. Thomas Harpur (Comhaontas Glas, Loch Garman); agus
An tUas. Jim Tallon a ghníomhaigh mar a ghníomhaire toghcháin féin (Neamhpháirtí, Cill Mhantáin).

Fuarthas Ráiteas um Speansais Toghcháin ina dhiaidh sin ón Uas. Murphy. Ní raibh foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin faighte fós ón Uas. King nó ón Uas. Tallon tráth foilsithe na tuarascála seo. Faoi mar a dúradh i gCaibil 2 den tuarascáil, d'atreoraigh an Coimisiún um Chaighdeáin an tUas. King agus an tUas. Tallon ar aghaidh chuig na Gardaí le cion faoi alt 25 den Acht a imscrúdu as loiceadh Ráiteas um Shíntiúis a chur ar fáil. Cé go dtuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil na Gardaí ag imscrúdu na gcionta arna ndéanamh ag an Uas. King, ní heol dó cén gníomhartha, má rinneadh aon chinn, a rinneadh i ndáil leis an Uas. Tallon.

3.10 Ráitis um Speansais Toghcháin ó Ghníomhairí Toghcháin a Breithníodh

Tá 468 foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin faighte anois. *Faoi mar a cheanglaíter ar an gCoimisiún um Chaighdeáin le halt 4(1) den Acht, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin na Ráitis seo um Speansais Toghcháin agus fuair gur comhlánaíodh amuigh is istigh ar 68% díobh go mícheart.* Lena chois sin, loic céatadán cosúil leis sin de ghníomhairí toghcháin na ceanglais faoi alt 31(9) agus 36(1)(a) den Acht a chomhlíonadh ó thaobh sonraisc, admhálacha nó dearbháin a sholáthar le haghaidh gach speansas toghcháin a bhí os cionn luach €126.97.

Chun seachaint nach mbeadh air gach Ráiteas um Speansais Toghcháin ina raibh earráid a chur ar ais, chuaigh rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin i dteagmháil le gníomhairí toghcháin ar an teileafón nó ar an ríomhphost, chun earráidí a shoiléiriú nó chun sonraisc/admhálacha a bhí fós amuigh, a iarraidh. Sa chás nárbh fhéidir amhlaidh a dhéanamh, shoiléirigh an Coimisiún um Chaighdeáin an earráid trí nóta míniúcháin atá curtha isteach leis an Ráiteas um Speansais Toghcháin aige. Tá Bileog Achomair curtha le gach Ráiteas um Speansas Toghcháin ag an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin. Tugann an

bhileog achomair mionsonraí ar na speansais iomlána a tharraing an gníomhaire toghcháin air/uirthi féin faoi na ceannteidil ábhartha (arna leagan amach sa Sceideal a ghabhann leis an Acht).

In aineoinn an chur chuige seo, bhí orainn amuigh is istigh ar 100 foirm a chur ar ais chuig na gníomhairí a bhí i gceist. Forálann an tAcht, sa chás go measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil mionearráid nó mionrud a fágadh ar lár i Ráiteas um Speansais Toghcháin, go bhféadfaidh sé 14 lá a thabhairt don ghníomhaire toghcháin leis an earráid a chur ina cheart nó an rud a fágadh ar lár a chur isteach. Tá sé ina chion faoi alt 43(2)(e) den Acht má loiceann gníomhaire toghcháin an ceanglas seo a chomhlíonadh. Bhí deacrachtaí nach beag ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i roinnt cás le tabhairt ar ghníomhairí toghcháin a gcuid Ráiteas um Speansais Toghcháin a leasú agus a chur ar ais chuige nó le sonraisc/admhálacha ábhartha a chur ar fáil. Ag deireadh mhí Dheiridh Fhómhair, d'eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin litir chuig amuigh is istigh ar 30 gníomhaire toghcháin nár tugadh a Ráiteas um Speansais Toghcháin chun críche nó nach bhfuarthas sonraisc/admhálacha ábhartha a bhí amuigh uathu go fóill. Cuireadh in iúl do ghníomhairí toghcháin sa litir go raibh faoin gCoimisiún um Chaighdeáin a thuarascáil faoin toghchán a chur i láthair an Chinn Chomhairle. Cuireadh an cion faoi alt 43(2)(e) ar a shúile do ghníomhairí toghcháin agus cuireadh in iúl dóibh, mura bhfaighfí Ráiteas um Speansais Toghcháin, a bhí comhlánaithe i gceart, nó na sonraisc/admhálacha ábhartha faoin tráth go rachfadh an tuarascáil chuig na clódóirí, luaifí iad sa tuarascáil mar ghníomhairí a loic alt 36 den Acht a chomhlíonadh.

Tráth foilsithe na tuarascála seo - breis is ceithre mhí tar éis an spriocdháta reachtúil i leith Ráitis um Speansais Toghcháin a fháil agus beagnach sé mhí tar éis do na foirmeacha a bheith eisithe ar dtús - níl Ráitis um Speansais Toghcháin, a bhí comhlánaithe i gceart, faighte fós ón triúr gníomhaire toghcháin seo a leanas:

Ghíomhaigh an Uas. Trish Forde-Brennan mar a gníomhaire féin (Comhaontas Glas, Luimneach Thoir) - foirm bhunaidh curtha ar ais chuici ionas go bhféadfaí míreanna nár speansais toghcháin iad a bhaint amach. Táthar fós le foirm leasaithe le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a fháil. **Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin amach ina dhiaidh sin go bhfuarthas foirm leasaithe le hagaidh Ráitis um Speansais Toghcháin ón Uas. Forde-Brennan agus gur cuireadh isteach sa chomhad mícheart í. Tá an Ráiteas leasaithe um Speansais Toghcháin leagtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais.**
An tUas. Felim McDonnell - gníomhaire toghcháin don Uas. Margaret Cox (Neamhpháirtí, Gaillimh Thiar) - ní bhfuarthas Ráiteas leasaithe le haghaidh Speansas Toghcháin.
An tUas. David Williams - gníomhaire toghcháin don Uas. Madeleine Taylor Quinn (Fine Gael, an Clár) - soiléiriú ag teastáil.

Lena chois sin, tá na gníomhairí toghcháin seo a leanas fós le sonraisc/admhálacha a chur ar fáil a bhaineann lena Ráitis um Speansais Toghcháin:

Dr. John F. Corish - ghníomhaigh mar a ghníomhaire féin (Neamhpháirtí, Cill Dara Thuaidh) - soiléiriú agus admháil/sonrasc atá fós amuigh ag teastáil.
An tUas. Niall Kelleher - gníomhaire toghcháin don Uas. Tom Fleming (Fianna Fáil, Ciarraí Theas).
An tUas. Barry Kennedy - gníomhaire toghcháin don Uas. Paudie Coffey, Jim D'Arcy agus John Deasy (Fine Gael, Port Láirge).

Cruthaítear deacracht don Choimisiún um Chaighdeáin ó thaobh a thuarascáil a dhéanamh don Cheann Comhairle agus an t-ábhar a chur ar taispeáint go poiblí ar bhealach tráthúil nuair a loiceann gníomhairí a Ráitis um Speansais Toghcháin a chomhlánú i gceart, chomh maith le moilleanna i leith ráitis leasaithe a chur ar ais chugainn. Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin a inmhianaithe is atá sé go mbeadh Ráitis um Síntiúis agus Ráitis um Speansais Toghcháin ar taispeáint go poiblí a luaithe agus is féidir tar éis an spriocdháta reachtúil i leith iad a fháil. Is é a dhearcadh, áfach, sular féidir an t-ábhar a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus a chur ar taispeáint go poiblí, go gcaithfidh sé a bheith sásta go bhfuil an fhaisnéis atá istigh inti ceart. Le moill a sheachaint ó thaobh an t-ábhar a chur ar fáil, d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaighdeáin a chead a thabhairt le tuairisceáin, nár comhlánaíodh i gceart dar leis, a chur os comhair an phobail. Ní mheastar gur bealach sásúil é seo le dualgas reachtúil do Thithe an Oireachtais agus don phobal i gcoitinne a chomhlíonadh. Ar an ábhar sin, níl na Ráitis sin um Speansais Toghcháin nár tugadh chun críche á leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Leanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin ar aghaidh le bheith ag leanúint leis na gníomhairí seo le foirm le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a chomhlánú i gceart agus sonraisc/admhálacha ábhartha a chur ar fáil. Ní phróiseálfar cúitimh i speansais toghcháin a d'fhéadfadh a bheith dlite do na hiarrthóirí atá i gceist go dtí go mbeidh an Coimisiún um Chaighdeáin sásta go bhfuil Ráiteas um Speansais Toghcháin an ghníomhaire toghcháin ceart agus go bhfuil gach sonrasc/admháil ábhartha faighte. Más gá, atreoróidh an Coimisiún um Chaighdeáin comhad maidir leis na gníomhairí atá i gceist ar aghaidh chuig na Gardaí le cion faoi alt 43(2)(e) den Acht a imscrúdú.

3.11 Foirmeacha le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin a Fuarthas ó Ghníomhairí Toghcháin

Fuarthas cúig chinn den naoi Ráiteas um Speansas Toghcháin a chuir gníomhairí náisiúnta ar fáil faoin 19 Iúil 2007, an spriocdháta reachtúil. Fuarthas Ráitis um Speansais Toghcháin ó Pháirtí an Lucht Oibre agus ón bPáirtí Daonlathach an 20 Iúil 2007. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gníomhairí náisiúnta Fhine Gael agus Pháirtí na nOibrithe an 31 Iúil lena n-aird a tharraingt ar an bhfíoras nach bhfuarthas Ráiteas um Speansas Toghcháin agus á chomhairliú dóibh go bhfuil sé ina chion loiceadh Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil faoin spriocdháta reachtúil. Fuarthas Ráiteas um Speansais Toghcháin ó ghníomhaire náisiúnta Fhine Gael an 1 Lúnasa 2007. An 8 agus 27 Lúnasa, sheol an Coimisiún um Chaighdeáin meabhrúcháin chuig gníomhaire náisiúnta Pháirtí na nOibrithe, an tUas. John Lowry, maidir lena Ráiteas um Speansas Toghcháin a bhí fós amuigh. Chuir meabhrúchán an 27 Lúnasa in iúl don Uas. Lowry, mura bhfaighfí Ráiteas um Speansais Toghcháin faoi cheann seacht lá, go gcuimhneodh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an scéal a atreorú ar aghaidh chuig an SIP. Fuarthas an Ráiteas um Speansas Toghcháin ina dhiaidh sin an 27 Lúnasa (tar éis do litir an Choimisiúin um Chaighdeáin a bheith eisithe).

De réir alt 4(1) den Acht, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeáin na Ráitis seo um Speansais Toghcháin. Ceanglaíodh ar ghníomhairí náisiúnta cuntas a thabhairt i gcaiteachas náisiúnta agus i gcaiteachas ar iarrthóirí aonair. Cé gur tarraingíodh ceisteanna anuas agus gur ghá roinnt ceartúchán a dhéanamh, chomhoibrigh na gníomhairí náisiúnta go maith leis an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir lena Ráitis um Speansais Toghcháin a leasú agus a chur ar ais chuige.

Nocht gníomhairí toghcháin iarrthóirí agus gníomhairí náisiúnta na bpáirtithe polaitíochta speansais toghcháin ar luach €11,082,313.10 san iomlán. Cuireadh Ráitis “Nialas” um

Speansais Toghcháin ar fáil i leith 11 (naonúr neamhpháirtí, ceann amháin ón bPáirtí Dlúthpháirtíochta Críostaí agus ceann amháin ón gComhaontas Glas). Tá mionsonraí ar an gcaiteachas a tharraing iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta orthu féin in Aguisín 2 go dtí 4 den tuarascáil seo.

3.12 Róchaiteachas

Tagann roinnt rudaí de thoradh an iomarca a bheith caite ag gníomhaire toghcháin nó gníomhaire náisiúnta páirtí pholaitíochta ag olltoghchán Dála. Tá sé ina chion coiriúil ag an ngníomhaire atá i gceist, is inphionóis le fíneáil chomh mór le €1,269.74. Féadfaidh duine achainí a dhéanamh ar an Ard-Chúirt freisin chun toradh an toghcháin a chur i leataobh. Forálann riail 3A den Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht Toghcháin 1992 (faoi mar a tugadh isteach le halt 44 den Acht Toghcháin 1997) nach mór iarratas a dhéanamh, le cead na hArd-Chúirte a fháil chun achainí den sórt sin a chur i láthair, faoi cheann 14 lá ón tráth a bheidh cóip den Ráiteas um Speansais Toghcháin leagtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Seachas seo, níl aon fheidhm eile ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil le hachainí toghcháin.

Baintear suim aon róchaiteachas ag gníomhaire toghcháin den chúiteamh i speansais toghcháin a fhéadfaidh a bheith dlite don iarrthóir agus baintear aon róchaiteachas ag gníomhaire náisiúnta páirtí pholaitíochta den íocaíocht bhliantúil arna fáil ag an bpáirtí ón Státchiste faoin Acht.

Forálann an tAcht go mbeidh an iomarca caite ag gníomhaire toghcháin ag an toghchán má théann sé/sí os cionn na teorainne reachtúla caiteachais is infheidhme i leith an iarrthóra ag an toghchán. Ní raibh aon fhianaise ann go ndeachaigh aon ghníomhaire toghcháin os cionn na teorainne reachtúla caiteachais is infheidhme i leith an iarrthóra.

I gcás ghníomhaire toghcháin iarrthóir a bheidh ag dul san iomaíocht sa toghchán thar ceann páirtí pholaitíochta, meastar go mbeidh an iomarca caite ag an ngníomhaire toghcháin freisin má théann sé/sí os cionn shuim na teorainne caiteachais a bhíonn ar fáil don iarrthóir tar éis don tsuim a bheith sannta don pháirtí (féach mír 3.6). Ba léir ó na Ráitis um Speansais Toghcháin a fuarthas go ndeachaigh an caiteachas iomlán ar thug roinnt gníomhairí toghcháin cuntas ann os cionn shuim na teorainne caiteachais arna coinneáil ag an iarrthóir. Ní shonraítear san Acht cathain go gcaithfear an tsuim a shannadh, ná ní dhéanann an tAcht ath-idirbheartaíocht i leith na suime sannta comhaontaithe, a chosc ag céim ar bith i rith nó go deimhin tar éis an fheachtais toghcháin. Is é dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin nach féidir leis, ó thaobh an dlí de, diúltú glacadh le hath-idirbheartaíocht i leith sannacháin fiú tar éis do Ráiteas um Speansais Toghcháin a bheith curtha ar fáil. Bhí roinnt cás ann ina ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith an tsannacháin tar éis an spriocdháta reachtúil i leith Ráitis um Speansais Toghcháin a fháil. Ba léir don Choimisiún um Chaighdeáin gurb é cuspóir an athshannacháin i bhformhór na gcás seo, murab ionann agus gach cás, ná a chinntiú nár chaith an gníomhaire toghcháin an iomarca trí dhul os cionn shuim na teorainne caiteachais arna coinneáil ag an iarrthóir.

Forálann an tAcht go mbeidh an iomarca caite ag gníomhaire toghcháin páirtí pholaitíochta má tharraingíonn sé/sí caiteachas air/uirthi féin a théann os cionn na suime iomláine arna sannadh don pháirtí ag a iarrthóirí. Ní raibh aon fhianaise ann go ndeachaigh gníomhaire náisiúnta os cionn na suime iomláine arna sannadh ag iarrthóirí an pháirtí.

Measfar go mbeidh an iomarca caite ag an ngníomhaire náisiúnta freisin má tharraingíonn sé/sí caiteachas air/uirthi féin ar iarrthóir áirithe a théann os cionn na suime arna sannadh ag an iarrthóir don pháirtí. Agus an Coimisiún um Chaighdeáin ag breithniú an Ráitis um Speansais Toghcháin a chuir gníomhaire náisiúnta an Chomhaontais Ghlais ar fáil, fuair sé gur tharraing an páirtí speansais toghcháin ar iarrthóirí nach raibh aon suim sannta don pháirtí acu. Sholáthair an páirtí comhaontuithe scríofa ina dhiaidh sin ó na hiarrthóirí seo lenar sannadh suim don pháirtí ar leor é, leis na speansais a tharraing an páirtí air féin thar ceann na n-iarrthóirí, a chlúdach. Faoi mar a luadh roimhe seo, ghlac an Coimisiún um Chaighdeáin an dearcadh nach féidir leis diúltú glacadh le sannachán den sórt sin, ó thaobh an dlí de, fiú tar éis do Ráiteas um Speansais Toghcháin a bheith curtha ar fáil.

Níor atreoraigh an Coimisiún um Chaighdeáin aon cháis róchaiteachais ar aghaidh chuig an SIP/na Gardaí mar sin.

3.13 Éilimh dhéanacha agus Speansais a bhí ina n-údar conspóide

Éilimh Dhéanacha

Forálann an reachtaíocht nach mór gach éileamh ar íocaíocht i speansais toghcháin a sheachadadh chuig an ngníomhaire toghcháin nó chuig an ngníomhaire náisiúnta atá i gceist faoi cheann 45 lá tar éis lá na vótaíochta, arbh é an 8 Iúil 2007 é i gcás olltoghchán na Dála. Ní fhéadfaidh an gníomhaire toghcháin nó an gníomhaire náisiúnta atá i gceist éilimh ar íocaíocht arna bhfáil tar éis an dáta seo a íoc. Tá sé ina chion faoi alt 43(2)(b) den Acht má íocann gníomhaire éileamh ar speansais toghcháin nach bhfuarthas faoin 8 Iúil 2007. Cé nach bhféadfar éilimh dhéanacha a íoc, ní mór don ghníomhaire atá i gceist cuntas a thabhairt iontu mar speansais toghcháin ina Ráiteas um Speansais Toghcháin.

Shonraigh roinnt gníomhairí toghcháin agus gníomhairí náisiúnta éilimh dhéanacha ar a bhfoirmeacha le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl do na gníomhairí i ngach cás nárbh fhéidir leo an speansas a bhí i gceist a íoc agus gur chion amhlaidh a dhéanamh ar shlí eile.

Éilimh a bhí ina n-údar conspóide

Forálann an reachtaíocht, sa chás go bhfuil éileamh ar íocaíocht speansas toghcháin ina údar conspóide ag gníomhaire toghcháin nó ag gníomhaire náisiúnta, gur chóir mionsonraí ar an éileamh atá ina údar conspóide a sholáthar sa Ráiteas um Speansais Toghcháin. Ní cheanglaítear ar an ngníomhaire cuntas a thabhairt sa tsuim atá ina húdar conspóide agus suim iomlán na speansas toghcháin a tarraingíodh á ríomh. Má agus nuair a réiteofar an díospóid, ceanglaítear ar an ngníomhaire an tsuim a comhaontaíodh mar an tsuim a bhí le híoc aige/aici a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin agus, más, gá, a Ráiteas um Speansais Toghcháin a leasú dá réir. Má réitítear an díospóid trí ordú cúirte, ní mór cóip den ordú cúirte a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Shonraigh roinnt gníomhairí toghcháin agus gníomhairí náisiúnta éilimh a bhí ina n-údar conspóide ar a bhfoirmeacha le haghaidh Ráiteas um Speansais Toghcháin. Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin in iúl do na gníomhairí i ngach cás nár mhór dóibh scéala a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin nuair a réiteofaí an díospóid agus, más gá, a Ráiteas um Speansais Toghcháin a leasú.

3.14 Alt 31(8A) den Acht á shárú

Forálann 31(8A) den Acht, sa chás gur tharraing iarrthóir speansais toghcháin air/uirthi féin roimh cheapachán a g(h)níomhaire toghcháin, nach mór dó/di mionsonraí a sholáthar don ghníomhaire toghcháin ar na speansais a tarraingíodh. Tá sé ina chion má loiceann an t-iarrthóir faisnéis den sórt sin a sholáthar do ghníomhaire toghcháin agus gan dóthain ama a fhágáil ag an ngníomhaire toghcháin le Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil de réir cheanglais alt 36 den Acht.

Agus a Ráiteas um Speansais Toghcháin á chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin aige, dúirt an gníomhaire toghcháin don Uas Madeleine Taylor Quinn (F.G.), An tUas. David Williams, nach raibh *"sonraisc ó M T Quinn"* faighte aige ach gur chinn sé a Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil ar feitheamh na sonrasc seo. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an Uas. Taylor Quinn an 3 Lúnasa agus chuir forálacha alt 31(1)(8A) den Acht in iúl di agus d'iarr uirthi na dearbháin bhunaidh a chur ar aghaidh chuig an Uas. Williams. Cuireadh in iúl di go raibh sé ina chion loiceadh alt 31(1)(8A) den Acht a chomhlíonadh (faoi alt 43(2)(e) den Acht). Eisíodh litir eile chuig an Uas. Taylor Quinn an 21 Lúnasa lenar iarradh uirthi na dearbháin ábhartha a chur ar aghaidh chuig a gníomhaire toghcháin nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeain faoi 31 Lúnasa. Cuireadh in iúl don Uas. Taylor Quinn mura bhfaighfí na dearbháin faoin 31 Lúnasa go gcuimhneodh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí.

Seoladh comhad faoin scéal chuig na Gardaí an 12 Meán Fómhair 2007. Ba é seo an dara comhad le bheith seolta chuig na Gardaí maidir le hiarrthóireacht an Uas. Taylor Quinn ag an olltoghchán. Faoi mar a luadh i gCaibidil 2, bhí comhad maidir leis an Uas. Taylor Quinn atreoraithe ar aghaidh chuig na Gardaí cheana féin leis an dlí a chur uirthi i leith an chiona faoi alt 25(1)(c) den Acht (loiceadh Ráiteas um Speansais a chur ar fáil faoin 19 Iúil, an spriocdháta reachtúil). Cé go bhfuarthas roinnt sonrasc / admhálacha ina dhiaidh sin ón Uas. Taylor Quinn an 21 Meán Fómhair, ní bhfuarthas na sonraisc ábhartha ar fad. Fuarthas na sonraisc/admhálacha a bhí fágtha an 4 Nollaig 2007. Faoi mar a dúradh i mír 3.10 thuas, táthar fós ag fanacht le soiléiriú maidir le ceist áirithe amháin ón Uas. Williams. Ní dheimhneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin cúiteamh i speansais toghcháin don Uas. Taylor Quinn go dtí pé tráth go réiteofar gach ceist atá fós ann i ndáil le Ráiteas um Speansais Toghcháin an Uas. Williams.

Caibidil 4 - Cúiteamh i speansais toghcháin iarrthóirí

Forálann alt 21(1) den Acht le haghaidh speansais toghcháin a chúiteamh le hiarrthóirí cáilithe ag olltoghchán Dála. Chun cáiliú le haghaidh cúitimh, ní mór d'iarrthóir:

(i) a bheith tofa ag an toghchán, nó

(ii) mura toghadh é nó í, ní mór dó nó di a bheith dulta os cionn 25% den chuóta sa dáilcheantar ag céim ar bith de chomhaireamh na vótaí.

Forálann alt 3(1) den Acht go bhféadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le hordú, agus ar aon dul leis an Innéacs Praghasanna Tomhaltóirí, an tsuim uasta go bhféadfar a chúiteamh le hiarrthóirí cáilithe ag olltoghcháin Dála, a mhéadú. Níor méadaíodh an tsuim ó tugadh an tAcht isteach (15 Bealtaine 1997). Rinne an tAire, agus aird aige ar athruithe ar an Innéacs ó 15 Bealtaine 1997, ordú (An tOrdú um an Acht Toghcháin 1997 (Caiteachais Toghcháin i dToghchán Dála a Theorannú agus a Chúiteamh) 2007 (I.R. Uimh. 113 de 2007)) lenar méadaíodh an tsuim uasta a fhéadfar a chúiteamh ó €6,348.69 go dtí € 8,700.

Bhí iarrthóirí a bhí cáilithe le haghaidh cúitimh incháilithe, mar sin, le €8,700 nó suim iarbhír na speansas toghcháin a tarraingíodh thar a c(h)eann ag an toghchán a fháil, cibé ceann ba lú. Agus suim na speansas toghcháin a tarraingíodh thar ceann iarrthóra á ríomh, féadfar na speansais a tarraingíodh ar an iarrthóir, faoi mar a thug gníomhaire toghcháin an iarrthóra cuntas iontu, a chur san áireamh chomh maith le speansais a tharraing an páirtí air féin ar an iarrthóir sa dáilcheantar, faoi mar a thug gníomhaire náisiúnta an pháirtí cuntas iontu.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi alt 21(d) den Acht a dheimhniú don Aire Airgeadais go bhfuil iarrthóir incháilithe le haghaidh cúitimh ina speansais toghcháin. Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin a dheimhniú freisin go bhfuil Ráiteas um Speansais Toghcháin, a bhí comhlánaithe i gceart, curtha ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra agus, i gcás iarrthóirí nár éirigh leo, a dheimhniú go bhfuil Ráiteas um Shíntiúis, a bhí comhlánaithe i gceart, faighte ón iarrthóir. Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin an caiteachas a tharraing gach iarrthóir air/uirthi féin a chur in iúl don Aire Airgeadais freisin chomh maith le suim an chúitimh a bheidh dlite do gach iarrthóir.

Tá sé ina chleachtas ag an gCoimisiún um Chaighdeáin gan foirm le haghaidh Iarratais ar Chúiteamh i Speansais Toghcháin a eisiúint chuig iarrthóir cáilithe go dtí pé tráth go mbeidh gach ceist, a bhaineann lena t(h)uairisceáin reachtúla a bheith comhlánaithe, tugtha chun críche. Le cois Ráitis um Speansais Toghcháin an ghníomhaire toghcháin agus Ráitis um Shíntiúis ó iarrthóir nár éirigh leis/léi, tá comhlánú ceart Ráiteas um Speansais Toghcháin an ghníomhaire náisiúnta san áireamh leis seo freisin (sa mhéid is go mbaineann sé leis an iarrthóir áirithe) agus sa chás go bhfuil sé riachtanach, go gcuirfidh iarrthóirí nár éirigh leo Deimhniú Síntiús Airgid agus ráiteas bainc, a bheidh comhlánaithe i gceart, ar fáil.

Sa chás go bhfuil an cháipéisíocht ábhartha reachtúil faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus go bhfuil sé sásta gur comhlánaíodh i gceart é, eisíonn sé foirm le haghaidh iarratais ar chúiteamh chuig an iarrthóir. Agus an fhoirm chomhlánaithe don iarratas faighte,

deimhníonn an Coimisiún um Chaighdeáin don Roinn Airgeadais an tsuim ar chóir a chúiteamh leis an iarrthóir. Ní dheimhneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin cúiteamh i speansais toghcháin d'iarrthóir mura cuireadh cáipéisíocht reachtúil agus tacaíochta ar fáil.

An Roinn Airgeadais a dhéanann an cúiteamh leis an iarrthóir go díreach agus ní mheastar é mar shíntiús don iarrthóir. Ní cheanglaíonn an reachtaíocht ar iarrthóir aon chuid den chúiteamh a thabhairt ar aghaidh dá p(h)áirtí polaitíochta cé go gceanglaítear, i bhformhór na gcás, ar iarrthóirí na bpríomhpháirtithe polaitíochta cuid den chúiteamh nó an cúiteamh ar fad a thabhairt ar aghaidh don pháirtí.

Tá saincheist ann i ndáil le cúiteamh na speansas a bhíonn dlite do roinnt iarrthóirí neamhpháirtí nó d'iarrthóirí na bpáirtithe polaitíochta atá níos lú nach mbeadh incháilithe b'fhéidir le suim uasta an €8,700 a éileamh. Fágtar nithe amhail béilí do chanbhasálaithe agus speansais pheitril agus teileafóin an iarrthóra amach as an sainmhíniú ar a mbíonn i gceist le speansais toghcháin (féach mí 3.2 - míreanna (ii) agus (vi)). Is binn le formhór na n-iarrthóirí agus na ngníomhairí toghcháin na nithe seo a bheith fágtha amach as sainmhíniú na speansas toghcháin toisc go bhfágann sé go mbíonn siad in ann fanacht laistigh dá dteorainneacha caiteachais. Do roinnt iarrthóirí neamhpháirtí nó iarrthóirí na bpáirtithe atá níos lú, áfach, nach dtiocfaidh a gcaiteachas i ngar don teorainn reachtúil chaiteachais, is ionann na nithe seo agus costais iarbhír nach féidir a chúiteamh leo sa chás go mbeidís cáilithe le haghaidh cúitimh ina gcuid speansais toghcháin. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, sa chás go dtagann cáis den sórt sin chun cinn agus gur féidir leis na hiarrthóirí fianaise a sholáthar gur tarraingíodh speansais den sórt sin, b'fhéidir go mbeidh cead ag an gCoimisiún um Chaighdeáin déanamh de réir a chomhairle féin agus nithe den sórt sin a chur san áireamh sna speansais iomlána toghcháin a fhéadfar a chúiteamh leis na hiarrthóirí seo.

Cháiligh 304 iarrthóir san iomlán le haghaidh cúiteamh a fháil ina gcuid speansas. Bhí 300 iarrthóir incháilithe le suim uasta an €8,700 a fháil agus bhí ceathrar iarrthóir incháilithe le suim iomlán na speansas toghcháin a tarraingíodh thar a gceann a fháil (lena n-áirítear speansais a tharraing an páirtí air féin thar a gceann). Is é an tsuim iomlán atá le cúiteamh le hiarrthóirí cáilithe ná €2,638,013.47. Tráth foilsithe na tuarascála seo, tá beagnach 220 iarratas ar chúiteamh faighte agus próiseáilte. Leagtar na hiarrthóirí cáilithe agus suimeanna na n-aisíocaíochtaí atá dlite dóibh amach in Aguisín 5 den tuarascáil seo.

Caibidil 5 - Gníomhaíocht "Duine eile"/"tríú páirtí ag an toghchán

5.1 Ceanglais Dlí

Forálann alt 31(7) den Acht nach mór do dhuine ar bith, a bhfuil sé de rún aige nó aici speansais toghcháin a tharraingt air nó uirthi féin ag olltoghchán Dála agus nach bhfuil údaraithe ag gníomhaire toghcháin iarrthóra nó ag gníomhaire náisiúnta páirtí pholaitíochta, leis sin a dhéanamh, an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin sula dtaraingíonn sé/sí aon speansais den sórt sin air/uirthi féin:

(a) ainm, seoladh agus cur síos ar an duine atá ag beartú na speansais a tharraingt air/uirthi féin,

(b) ráiteas maidir le cinéal, cuspóir agus suim mheasta speansas den sórt sin, agus

(c) leid maidir le nasc an duine le haon pháirtí nó iarrthóir ag an toghchán, má bhíonn aon naisc aige nó aici.

Tá sé ina chion faoi alt 43(3)(a) den Acht má loiceann duine, arbh infheidhme alt 31(7) ina leith, na ceanglais thuas a chomhlíonadh.

Is infheidhme ceanglais alt 31(7) i leith duine aonair, comhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe daoine (dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar “dhaoine eile”) atá ag beartú speansais toghcháin a tharraingt orthu féin. Nuair a bheidh ceanglais alt 31(7) comhlíonta ag “duine eile”, níl aon teorainn reachtúil ar shuim na speansas gur féidir leis an duine sin a tharraingt air nó uirthi féin ag an toghchán.

Forálann alt 31(6) den Acht, áfach, sa chás go dtarraingíonn comhlacht -

i) a bhunaigh páirtí polaitíochta nó iarrthóir, nó a bunaíodh thar ceann páirtí pholaitíochta nó iarrthóra, chun speansais toghcháin a tharraingt orthu féin nó chun íocaíochtaí a dhéanamh i leith speansas toghcháin, nó

ii) atá ina chomhalta nó ina bhrainse nó ina fhoeagraíocht de pháirtí polaitíochta, nó

iii) atá faoi rialú páirtí pholaitíochta nó iarrthóra go héifeachtach nó ar cosúil go bhfuil sé nasctha nó bainteach le páirtí polaitíochta nó iarrthóir sa chaoi is go gcreidfeadh duine réasúnach go bhfuil sé faoi rialú an pháirtí pholaitíochta nó iarrthóra sin, nó faoina anáil go substaintiúil,

speansais toghcháin air féin ag olltoghchán Dála, go measfar gur tarraingíodh na speansais thar ceann an iarrthóra nó an pháirtí atá i gceist agus nach mór don ghníomhaire toghcháin nó gníomhaire náisiúnta ábhartha cuntas a thabhairt iontu. Is éard a chiallaíonn sé seo go héifeachtach ná sa chás go dtarraingíonn duine speansais toghcháin air/uirthi féin agus go measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil an duine nasctha le hiarrthóir nó páirtí, is féidir leis ceangal ar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra nó ar ghníomhaire náisiúnta an iarrthóra cuntas a thabhairt sa chaiteachas.

Sa chás go bhfuil síntiús os cionn €126.97 faighte chun críocha polaitíochta, cheanglófaí ar

an “duine eile” clárú mar “thríú páirtí” faoi alt 32(C) den Acht freisin. (Tá 'chun speansais toghcháin a tharraingt' san áireamh le “chun críocha polaitíochta” faoi mar a sainmhíníodh san Acht). Tá an ceanglas le clárú mar thríú páirtí ina cheanglas ar leithligh agus sa bhreis ar an gceanglas le rún, le speansais toghcháin a tharraingt, a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin.

Nuair a bheidh duine aonair/eagraíocht cláraithe mar “thríú páirtí”, bíonn duine aonair nó eagraíocht faoi réir cheanglais an Achta maidir le cuntais síntiús polaitíochta a oscailt agus a choinneáil ar bun freisin agus maidir le síntiúis thoirmiscthe a ghlacadh (síntiúis gan ainm, síntiúis choigríche agus síntiúis os cionn na huasteorainne forordaithe). Is é an síntiús uasta lenar féidir le tríú páirtí glacadh ón deontóir céanna in aon bhliain ar leith ná €6,348.69.

5.2 Comhfhreagras le “daoine eile”/"tríú páirtithe”

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin fógra maidir le ceanglais alt 31(7) den Acht, agus maidir leis an gceanglas clárú mar “thríú páirtí”, sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla. Bhí an fógra le feiceáil sna príomhnuachtáin náisiúnta Déardaoin 3 Bealtaine 2007 agus sna nuachtáin Domhnaigh agus i roinnt irisí ábhartha eile an 6 Bealtaine 2007. Tháirg an Coimisiún um Chaighdeáin nótaí míniúcháin freisin lenar leagadh amach na ceanglais a ghabhann le “daoine eile” agus le “tríú páirtithe” ag olltoghchán na Dála. Foilsíodh an fógra poiblí agus nótaí míniúcháin ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin. Eisíodh na nótaí míniúcháin chuig aon duine ar mheas an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfadh speansais a bheith á dtarraingt acu orthu féin ag olltoghchán na Dála.

Faoi mar a cheanglaítear faoi alt 31(7) den Acht, chuir na daoine seo a leanas a rún le speansais toghcháin a tharraingt orthu féin in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin roimh ré:

1) Cork Harbour for a Safe Environment (CHASE)

2) Rescue Seamount (Coláiste Seamount, Cinn Mhara)

3) Coiste Forbartha Ospidéal Ginearálta Inis (EGHDC)

4) Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)

5) Donal O'Driscoll, 33 Bóthar na Deargaile, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

6) Feachtas ar son na Beatha

7) An Feachtas le Teamhair a Shábháil

8) An tUas. John McDaid, Marina Loch Súilí

Ceanglaíodh ar gach duine a tharraing speansais toghcháin air/uirthi féin de bhun alt 31(7) den Acht Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 19 Iúil 2007. Chomhlánaigh EGHDC, Feachtas ar son na Beatha agus an tUas. Donal O'Driscoll foirmeacha le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin agus chuir isteach iad roimh an spriocdháta reachtúil. Agus litreacha meabhrúcháin eisithe dóibh, chuir Rescue

Seamount agus CHASE Ráitis um Speansais Toghcháin ar fáil an 15 agus 31 Deireadh Fómhair faoi seach. Chuir an tUas. McDaid in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin nár tharraing sé an caiteachas a bhí beartaithe aige air féin. Níor ceanglaíodh air Ráiteas um Speansais Toghcháin a chomhlánú mar sin. (Chuir an tUas. McDaid Ráiteas "nialas" um Speansas Toghcháin ar fáil áfach).

Níl Ráiteas um Speansais Toghcháin faighte fós ó Aontas na Mac Léinn nó ón bhFeachtas le Teamhair a Shábháil. Tá sé ina chion faoi alt 43(3)(b) den Acht má loiceann duine arb infheidhme alt 31(7) den Acht ina leith Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil. Mura bhfaighfear Ráiteas um Speansais Toghcháin, atreoróidh an Coimisiún um Chaighdeáin comhaid ar na heagraíochtaí seo ar aghaidh chuig na Gardaí le himscrúdú.

Óna chuid monatóireachta ar fhógráin agus ar thuairiscí i nuachtáin áitiúla, tháinig an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas faoi ghníomhaíocht ó na grúpaí seo a leanas ag an toghchán:

1) Keep Ireland Open,

2) Cumann Tráchtála Bhaile Chill Dara (KTCC)

3) Coiste Aicsin Ospidéal Ros Comáin (RHAG)

4) Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn (NWCI)

5) An tUas. Declan Waugh, 11 Radharc na hAbhann, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí

6) Gaillimh ar son na Beatha

7) Saoránaigh ar son Seirbhís Sláinte Níos Fearr

8) Turn the Tide - Action on Suicide Alliance

9) AdVIC (Advocates for Victims of Homicide)

10) An Vóta Aerach

11) Coiste Aicsin Ospidéal Ginearálta Mhala (MGHAC)

12) An tUas. Barry Feely, Feelystone Boyle Teo., Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gach ceann de na grúpaí/daoine aonair thuas lena n-aird a tharraingt ar cheanglais alt 31(7) den Acht agus ar an gceanglas faoi alt 23C den Acht le clárú mar thríú páirtí. Tar éis dó freagrairtí NWCI, Turn the Tide, AdVIC, An Vóta Aerach, MGHAC and an Uas. Feely a bhreithniú, bhí an Coimisiún um Chaighdeáin sásta nár tharraing na daoine seo speansais toghcháin orthu féin ag olltoghchán Dála.

Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin go raibh fógráin ó Keep Ireland Open, KTCC, Gaillimh ar son na Beatha agus ón Uas. Declan Waugh, a foilsíodh i rith thréimhse an toghcháin, ina speansais toghcháin sa mhéid is gur fhéach siad le tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na “daoine eile” seo á chur in iúl dóibh gurbh é a thuairim go raibh speansais toghcháin tarraingte acu orthu féin faoi mar a sainmhíníodh san Acht. Cuireadh ceanglais alt 31(7) den Acht in iúl dóibh chomh maith leis an gcion (faoi alt 43(3)(a) den Acht) as loiceadh na ceanglais seo a chomhlíonadh. Iarradh ar gach ceann díobh Ráiteas um Speansas Toghcháin a chomhlánú. Bhí sé ina chleachtas ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ag toghcháin roimhe seo gan féachaint go gcuirfí an dlí ar dhuine faoin gcion faoi alt 43(3)(a) den Acht sa chás go gcomhlíonann duine an tAcht ar gach bealach eile trí Ráiteas um Speansais Toghcháin a chur ar fáil. Toisc gur chomhlánaigh na “daoine eile” seo Ráiteas um Speansais Toghcháin, níor atreoraíodh an scéal, nár chomhlíon siad alt 31(7) den Acht, ar aghaidh chuig na Gardaí.

Is éard a bhí sa chaiteachas a tharraing Coiste Aicsin Ospidéal Ros Comáin (RHAG) air féin ná fógrán nuachtáin a thacaigh le hiarrthóireacht an Uas. John Kelly, iarrthóir Neamhpháirtí i Ros Comáin/Liatroim Theas. Tar éis don Choimisiún um Chaighdeáin dul i dteagmháil leis an Uas. Kelly faoin scéal, bhí an Coimisiún sásta nach raibh sé nasctha (faoi mar a sainmhíníodh le halt 31(6) thuas) le RHAG. Bhí a ghníomhaire toghcháin sásta áfach, cuntas a thabhairt sna speansais a tharraing RHAG air féin (€2,187.73) agus an eagraíocht a chur san áireamh mar dhuine údaraithe ar a Ráiteas um Speansais Toghcháin.

Tharraing Saoránaigh ar son Seirbhís Sláinte Níos Fearr speansais orthu féin i leith bileog a bhí i gcoinne iarrthóireacht an Aire Mary Harney. Scaipeadh an bhileog i ndáilcheantar Bhaile Átha Cliath Lár Thiar agus chuir gníomhaire toghcháin an Aire Harney an bhileog ar a shúile don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní raibh an Coimisiún um Chaighdeáin in ann aon mhionsonraí teagmhála a dhéanamh amach don eagraíocht seo seachas seoladh ríomhphoist a soláthraíodh ar an mbileog (irishhealthservices@hotmail.com). Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt ríomhlitreacha maidir le ceanglais alt 31(7) chuig an seoladh ríomhphoist seo gan fhreagra. D'uireasa aon mhionsonraí teagmhála eile, ní raibh sé indéanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin aon rud eile a dhéanamh i ndáil leis an eagraíocht seo, ach oiread leis an gcion a rinne sí a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí.

Is féidir gur tharraing daoine aonair agus grúpaí eile caiteachas orthu féin ag an toghchán agus nár chuir sin in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin, ná nár tháinig an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas futhu ar bhealaí eile. Má thagann fáil ar fhianaise ar aon ghrúpa nó duine aonair den sórt sin, gníomhóidh an Coimisiún um Chaighdeáin de réir mar is cuí.

Nocht na “daoine eile” sin a chuir Ráiteas um Speansais Toghcháin ar fáil speansais ar luach €64,994.78 san iomlán. Soláthraítear mionsonraí ar na speansais a tarraingíodh in Aguisín 5 a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Caibidil 6 - Comhfhreagras le nuachtáin, irisí, srl.

Forálann alt 31(10) den Acht nach bhfoilseoidh foilsitheoir nuachtáin, irise nó fhoilseacháin tréimhsiúil eile aon fhógrán nó fhógra i ndáil leis an olltoghchán a airbheartóidh leasanna páirtí pholaitíochta nó iarrthóra ag an toghchán a chur chun cinn, nó cur ina gcoinne, go díreach nó go hindíreach, ach amháin sa chás go n-iarrann duine de na daoine seo a leanas air:

- gníomhaire náisiúnta páirtí pholaitíochta, nó duine arna údarú i scríbhinn ag gníomhaire den sórt sin.
- iarrthóir ag an toghchán, gníomhaire toghcháin iarrthóra nó duine arna údarú i scríbhinn ag iarrthóir nó gníomhaire den sórt sin.
- "duine eile" a thugann deimhniú ón gCoimisiún um Chaighdeáin ar airde don fhoilsitheoir á dhearbhú gur chomhlíon an duine alt 31(7) den Acht (féach Caibidil 5).

Tá sé ina chion faoi alt 43(4) den Acht má loiceann foilsitheoir nuachtáin, irise nó fhoilseacháin tréimhsiúil eile ceanglais alt 31(10) a chomhlíonadh.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin an 2 Bealtaine 2007 chuig eagarthóirí agus bainisteoirí fógraíochta bhreis is 120 nuachtán náisiúnta agus áitiúil le forálacha alt 31(10) den Acht a chur in iúl dóibh agus á iarraidh orthu an fhoráil seo a chur ar a shúile d'aon duine ina n-eagraíocht a bhfuil freagracht air as fógráin nó fógraí poiblí a fhoilsiú.

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin monatóireacht ar fhógraíocht na nuachtán ag an toghchán agus dá thoradh seo, tháinig sé ar an eolas faoi na fógráin seo a leanas ar chosúil gur glacadh leo agus alt 31(1) den Acht á shárú:

1 **Fógráin i nuachtán an Kerryman ag tacú le Tom Sheahan (iarrthóir Fhine Gael).** Cuireadh cúig fhógráin isteach, ceithre chinn ó dheartháireacha an iarrthóra agus ceann amháin ó chomhairleoir áitiúil. Measadh go raibh na fógráin nasctha le hiarrthóireacht an Uas. Sheahan. D'údaraigh a ghníomhaire toghcháin na fógráin ina dhiaidh sin agus thug cuntas iontu ar a Ráiteas um Speansais Toghcháin. Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin ar an mbonn sin nach ndéanfaí aon rud eile maidir le sárú féideartha alt 31(10) den Acht ag an Kerryman.

2(a) **Fógráin i nuachtáin an Roscomman Champion ag tacú le Denis Naughten TD.** Foilsíodh cúig fhógráin ó Chomhairleoirí Fhine Gael Gerry Garvey, John Naughten, Dominick Connolly, Ollie Moore agus Charlie Hopkins ag tacú le hiarrthóireacht an Teachta Naughten i rith thréimhse an toghcháin. Dhearbhaigh an Roscommon Champion don Choimisiún um Chaighdeáin gur chosain ceithre chinn de na fógráin suim ba lú ná €126.97. Toisc gurbh ionann na fógráin seo agus "mionspeansais" faoi mar a sainmhíníodh i gCuid 2(g) den Sceideal a ghabhann leis an Acht agus nach meastar mar sin mar speansais toghcháin faoin Acht iad, ní bheadh ar na daoine a chuir na fógráin isteach alt 31(7) den Acht a chomhlíonadh (féach Caibidil 5 thuas) agus mar gheall air sin, ní bheadh siad in ann deimhniú a chomhlíonta sin a thabhairt ar aird don nuachtán. Mheas an Coimisiún um Chaighdeáin, mar sin, nárbh fhéidir aon rud eile a dhéanamh i ndáil le sárú féideartha alt 31(10) den Acht ag an Roscommon Champion.

Chuaigh an cúigiú fógrán, a chuir John Naughten, Comhairleoir, isteach, os cionn € 126.97. Meastar gur speansas toghcháin é seo a mheastar a bheith nasctha le feachtas an Teachta Naughten. Chuir an nuachtán in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuair sé údarú ó bhéal ó fhostaí an Teachta Naughten chun an fógrán seo a fhoilsiú. D'údaraigh gníomhaire naisiúnta Fhine Gael an fógrán ina dhiaidh sin agus thug cuntas ann ar a Ráiteas um Speansais Toghcháin.

2(b) Fógráin a chuir Coiste Aicsin Ospidéal Ros Comáin (RHAC) sa Roscommon Champion ag tacú le hiarrthóireacht John Kelly (Neamhpháirtí)

Faoi mar a dúradh i gCaibidil 5, níor chomhlíon RHAC alt 31(7) den Acht. Thug gníomhaire toghcháin an Uas. Kelly cuntas sna fógráin mar speansas toghcháin ina dhiaidh áfach agus chuir RHAC san áireamh mar dhuine údaraithe ar a Ráiteas um Speansais Toghcháin. I bhfianaise gur údaraíodh na fógráin ina dhiaidh, ní dhearna an Coimisiún um Chaighdeáin aon rud eile maidir le sárú féideartha alt 31(10) den Acht ag an Roscommon Champion.

3 Fógrán ag an Uas. Declan Waugh san Irish Times agus san Irish Examiner.

Faoi mar a dúradh i gCaibidil 5, níor chomhlíon an tUas. Waugh alt 31(7) den Acht. Cé gurbh é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin go bhféadfaí na fógráin a mheas mar nithe a chuir toghadh iarrthóirí "glasa" chun cinn go hindíreach, agus go bhféadfaí, mar sin, iad a mheas mar nithe a sháraíonn alt 31(10) den Acht, d'aithin sé freisin nár thagair na fógráin go sonrach d'aon pháirtí nó iarrthóir ar leith agus go raibh siad sách déchiallach gur dhiúltaigh sé an scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí leis an dlí a chur air faoi chion faoi alt 43(4) den Acht.

4 Fógrán ag Cumann Tráchtála Bhaile Chill Dara (KTCC) i nuachtán an Leinster Leader.

Faoi mar a dúradh i gCaibidil 5, níor chomhlíon KTCC alt 31(7) den Acht. Cé gurbh é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin go bhféadfaí an fógrán a mheas mar cheann a chuir iarrthóirí ó Bhaile Chill Dara chun cinn go hindíreach, agus go bhféadfaí, mar sin, é a mheas mar fhógrán a sháraíonn alt 31(10) den Acht, d'aithin sé freisin nár thagair an fógrán go sonrach d'aon pháirtí nó iarrthóir ar leith agus go raibh siad sách déchiallach gur dhiúltaigh sé an scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí leis an dlí a chur air faoi chion faoi alt 43(4) den Acht. Agus an Coimisiún um Chaighdeáin ag teacht ar an tuairim seo, thug sé aird ar an méid a mhaígh an eagraíocht, is é sin gurbh é cuspóir an fhógráin ná daoine a spreagadh lena vóta a úsáid agus nach raibh sé beartaithe le tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin.

5 Fógrán ag Keep Ireland Open (KIO) i nuachtán an Irish Times agus an Irish Independent.

Faoi mar a dúradh i gCaibidil 5, níor chomhlíon KIO alt 31(7) den Acht. Cé gur mheas an Coimisiún um Chaighdeáin gur fhéach an fógrán seo le tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin agus mar gheall air sin, gur speansas toghcháin é ar chóir do KIO alt 31(7) den Acht a chomhlíonadh lena aghaidh, chinn sé nach raibh an fógrán i gcoinne leasanna FF, FG agus an Pháirtí Dhaonlathaigh an oiread sin is go mbeadh údar leis an scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí leis an dlí a chur orthu faoi chion faoi alt 43(4) den Acht.

6 Fógrán ag Gaillimh ar son na Beatha sa Tuam Herald.

Faoi mar a dúradh i gCaibidil 5, níor chomhlíon Gaillimh ar son na Beatha alt 31(7) den Acht. Cé gurbh é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin gur fhéach an fógrán le tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin agus mar gheall air sin, gur speansas toghcháin é ar chóir do Gaillimh ar son na Beatha alt 31(7) den Acht a chomhlíonadh lena aghaidh, ghlac sé an dearcadh nár thagair na fógráin go sonrach d'aon pháirtí nó iarrthóir ar leith agus go raibh siad sách déchiallach gur dhiúltaigh sé an scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí leis an dlí a chur orthu faoi chion faoi alt 43(4) den Acht. Agus an Coimisiún um Chaighdeáin ag teacht ar an tuairim seo, thug sé aird ar an méid a mhaígh an eagraíocht, is é sin nár thacaigh sé le haon iarrthóir nó páirtí i rith an toghcháin ach nach raibh ar siúl acu ach vóta ar son na beatha a ghríosadh.

Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na nuachtáin a bhí i gceist i ndáil leis na fógráin thuas agus chomhoibrigh na nuachtáin go maith leis i bhformhór na gcás agus fuair an Coimisiún dearbhuithe ó na nuachtáin a bhí i gceist nach ndearnadh iarracht d'aon turas le halt 31(10) den Acht a shárú. Ní bhfuair an Coimisiún um Chaighdeáin aon fhreagra nó chomhoibriú ón Irish Independent ná ón Kerryman áfach in aineoinn roinnt meabhrúchán.

Agus é ag cur in iúl do gach ceann de na nuachtáin thuas nach mbeadh aon rud eile á ndéanamh aige ó thaobh an scéal a atreorú ar aghaidh chuig na Gardaí, mhol an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar forálacha alt 31(10) den Acht go beacht amach anseo. Mhol sé freisin, mar chuid de na nósanna imeachta sin, gur chóir comhairle an Choimisiúin um Chaighdeáin a lorg má bhítear in amhras cé acu an bhféadfaí ábhar fógráin a mheas mar cheann a sháróidh forálacha alt 31(10).

Bhí deacracht ag an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar na forálacha seo den Acht sa mhéid is go dtagraíonn forálacha alt 31(10) d'fhógráin a chuireann iarrthóirí nó páirtithe polaitíochta **chun cinn, nó a chuireann ina gcoinne, go díreach no go hindíreach cé go dtagraíonn forálacha** alt 31(7) do dhaoine a bheith ag tarraingt speansas toghcháin orthu féin, rud a áiríonn **a bheith ag féachaint le tionchar a imirt ar thoradh toghcháin**. Mar sin, cé go bhféadfaidh fógrán a bheith ag féachaint le tionchar a imirt ar thoradh toghcháin, ní gá go mbeadh sé ag cur iarrthóir nó páirtí ar leith chun cinn, nó ina choinne, nó féadfaidh sé a bheith sách déchiallach go mbeadh údar ag an nuachtán glacadh leis an bhfógrán seo agus sin a úsáid mar chosaint dó féin dá mbeadh an dlí le cur air faoi chion faoi alt 43(4) den Acht. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin mar sin, go bhféadfaí roinnt comhleanúchais a thabhairt isteach sa chuid seo den Acht tríd an téarma "ag féachaint le tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin" a chur san áireamh mar chuid d'fhorálacha alt 31(10) den Acht.

Caibidil 7 - Foilsiú na Ráiteas um Shíntiúis agus Ráiteas um Speansais Toghcháin a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin

De réir alt 24(7) den Acht, leagadh cóip de gach Ráiteas um Shíntiúis arna fháil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ó iarrthóirí nár éirigh leo ag olltoghchán na Dála faoi bhráid gach Teach den Oireachtas inniu. Faoi mar a dúradh i mír 2.3, tá an Coimisiún um Chaighdeáin fós ag leanúint le hiarrthóir amháin le haghaidh Ráiteas um Shíntiúis a bheidh comhlánaithe i gceart agus leagfaidh sé an Ráiteas um Shíntiúis, arna chomhlánú i gceart, faoi bhráid na dTithe agus cuirfidh sé ar fáil a luaithe is a fhaighfear é go mbeidh an pobal in ann é a imscrúdú.

De réir alt 37(1) den Acht, leagadh cóip de gach Ráiteas um Speansais Toghcháin, a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndáil le holltoghchán na Dála agus lena bhfuil an Coimisiún um Chaighdeáin sásta gur comhlánaíodh i gceart é, faoi bhráid gach Teach den Oireachtas inniu.

De réir alt 73 den Acht, tá na Ráitis um Shíntiúis agus na Ráitis um Speansais Toghcháin arna bhfáil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, in éineacht le haon sonraisc, admhálacha nó dearbháin ábhartha, á gcur ar fáil inniu go mbeidh an pobal in ann iad a imscrúdú agus a chóipeáil ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin fós ag leanúint le triúr gníomhaire toghcháin a bhfuil Ráiteas um Speansais Toghcháin, a bheidh comhlánaithe i gceart, fós le cur ar fáil acu. Ar mhaithe leis an tuarascáil seo a fhoilsiú agus lena chinntiú go gcuirfear mionsonraí ar chaiteachas toghcháin ar fáil don phobal, tá an fhaisnéis bhunaidh, in aineoinn nach bhfuil sé ceart, a sholáthair na gníomhairí toghcháin seo, á cur san áireamh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ina thuarascáil. Níl sé ag leagan na dtuairisceán mícheart faoi bhráid na dTithe áfach ná á gcur ar fáil go mbeidh an pobal in ann iad a imscrúdú. Leanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin ar aghaidh le bheith ag leanúint leis na gníomhairí atá i gceist le haghaidh Ráitis um Speansais Toghcháin, a bheidh comhlánaithe i gceart, agus leagfaidh na ráitis arna gcomhlánú i gceart faoi bhráid na dtithe agus cuirfidh iad ar fáil go mbeidh an pobal in ann iad a imscrúdú a luaithe is a fhaighfear iad.

Beidh cóip den tuarascáil seo agus den Phreasráiteas a ghabhann leis, in éineacht le cuntas achomair ar na síntiúis a fuarthas agus na speansais toghcháin a tarraingíodh, ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin www.sipo.gov.ie.

Caibidil 8 - Achoimre ar leasuithe ar an reachtaíocht a mhol an Coimisiún um Chaighdeáin

1. Mar an comhlacht le freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar an Acht, ba chóir go mbeadh ról reachtúil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a fheidhmítear an tAcht agus le tuairisciú ar thorthaí an athbhreithnithe sin.
(Caibidil 1 - Réamhrá)

2. Ba chóir go spreagfaí athbhreithniú iomlán ar an reachtaíocht de bharr go bhfuiltear ag beartú Coimisiún Toghcháin a chur ar bun, faoi mar a leagadh amach sa chlár reatha don rialtas.
(Caibidil 1 - Réamhrá)

3. Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin cuimhneamh cibé acu an atreoróidh sé iarrthóirí áirithe ar aghaidh chuig na Gardaí toisc gur loiceadar Deimhniú Síntiús Airgid nó ráiteas bainc a chur ar fáil faoin 19 Iúil 2007, an spriocdháta reachtúil. Is é dearcadh an Choimisiúin um Chaighdeáin ná nach réasúnach dar leis gur chóir an dlí a chur ar dhuine a d'oscail cuntas síntiús polaitíochta ach a loic an cháipéisíocht tacaíochta riachtanach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, agus nach ndlífear an dlí a chur ar dhuine faoin Acht, nár oscail cuntas síntiús polaitíochta ar an gcéad dul síos. Maidir leis sin, measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil sé fíorthábhachtach go bhforálfaí le haghaidh duine a loiceann cuntas síntiús polaitíochta a oscailt nuair a cheanglaítear air amhlaidh a dhéanamh.
(Mír 2.4 - Deimhnithe Síntiús Airgid agus Ráitis Bhainc a Breithníodh)

4. Tá úsáid chistí poiblí chun críocha toghcháin ina ceist mhór ar gá a athmheas i bhfianaise athruithe a dhéanfar ar an dlí toghcháin amach anseo. B'fhearr mar a chinnteofaí go mbeadh cothrom na féinne ag gach iarrthóir ach soiléire den sórt sin a sholáthar faoi chuimsiú raon an chóid toghcháin, seachas mar chuid de reachtaíocht eile, ar rí-léir go ngabhann cuspóir ar leithligh ar fad léi (Acht Choimisiún Thithe an Oireachtais 2006).
(Mír 3.3 - Speansais Toghcháin arb as cistí poiblí a íocadh a gcostais ar dtús)

5. Forálann alt 59 den Acht Toghcháin 1992 le haghaidh “gníomhairí toghcháin” a cheapadh chun cabhrú leis an iarrthóir go ginearálta i ndáil le holltoghchán Dála agus le haghaidh leasghníomhairí a cheapadh le bheith i láthair thar ceann an iarrthóra le vótaí a chomhaireamh agus chun críocha sonracha eile a leagadh amach in Acht 1992. Bhí sé seo ina údar mearbhaill toisc gur fhógair roinnt iarrthóirí na “gníomhairí" seo mar a ngníomhaire toghcháin don olltoghchán cé gur beag feidhm nó eolas, nó feidhm nó eolas ar bith, a bhí ag na daoine seo i ndáil le speansais, a tarraingíodh thar ceann an iarrthóra ag an toghchán, a rialú. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir an téarma "gníomhaire toghcháin" a leasú chuig “oifigeach cuntasaíochta um chaiteachas toghcháin” nó “gníomhaire caiteachais toghcháin”.
(Mír 3.4 - Ceapachán gníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí)

6. Ní mór fógra faoi athrú gníomhaire toghcháin a chur tríd an gCeann Comhairimh don dáilcheantar. Fágann sin go mbíonn leibhéal maorlathais neamhriachtanach i gceist do gach duine a bhaineann leis an scéal agus is féidir leis moill a chur ar an gCoimisiún um Chaighdeáin na Ráitis áirithe seo um Speansais Toghcháin a thabhairt chun críche, ráitis nár chomhlánaigh an gníomhaire toghcháin a fógraíodh, go hiomlán. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gurbh fhearr dá gceanglófaí ar iarrthóirí ceapachán nó athrú gníomhaire toghcháin a fhógairt don Choimisiún um Chaighdeáin go díreach.
(Mír 3.4 - Ceapachán gníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí)

7. Bhí go leor fianaise ann i rith an toghcháin faoi chaiteachas réamhthoghcháin ag páirtithe agus iarrthóirí agus bhí sé go mór i mbéal na ndaoine. Níor ceanglaíodh ar pháirtithe agus ar iarrthóirí cuntas a thabhairt sa chaiteachas seo mura úsáideadh na hábhair i rith thréimhse an toghcháin. Tagann buairimh, a bhfuil údar maith leo, chun cinn dá bharr seo go laghdaítear éifeachtacht na dteorainneacha caiteachais toisc go mbítear ag caitheamh chaiteachas an fheachtais roimh thréimhse an toghcháin ar an gcaoi seo agus tharlódh sé go bhfeicfear do dhaoine dá thoradh nach bhfuil san obair maidir le cuntas a thabhairt i gcaiteachas ag toghcháin ach rud ar mhaithe le páipéarachas. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin go mairfidh tréimhse toghcháin ar feadh 2/3 mhí agus measann go bhféadfaí caiteachas ar earraí, mhaoine nó sheirbhísí a úsáidtear chun críocha toghcháin i rith na treimhse seo a fhorléiriú le réasún mar chaiteachas a bhí beartaithe chun tacaíocht a lorg ag an toghchán d'iarrthóir nó pháirtí polaitíochta.
(Mír 3.7 -Tréimhse an Toghcháin)

8. D'fhéadfadh deacracht a bheith i gceist, do roinnt iarrthóirí neamhpháirtí nó d'iarrthóirí na bpáirtithe polaitíochta atá níos lú, de bharr go mbíonn nithe, amhail sólaistí d'oibrithe deonacha an fheachtais agus costais pheitril na n-iarrthóirí, fágtha amach as an sainmhíniú ar speansais toghcháin. Is ionann na nithe seo agus costais iarbhír nach féidir a chúiteamh leis na hiarrthóirí seo sa chás go mbeidís cáilithe le haghaidh cúitimh agus má bhíonn iomlán a gcuid speansas toghcháin níos lú ná € 8,700. B'fhéidir go mbeidh cead ag an gCoimisiún um Chaighdeáin déanamh de réir a chomhairle féin agus nithe den sórt sin a chur san áireamh (ach admhálacha cearta a bheith ar fáil dóibh) sna speansais iomlána toghcháin a fhéadfar a chúiteamh leis na hiarrthóirí seo.
(Caibidil 4 - Cúiteamh i speansais toghcháin iarrthóirí)

9. Bhí deacracht ag an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorálacha alt 31(10) den Acht sa mhéid is go dtagraíonn na forálacha seo d'fhoilsiú fógrán a chuireann iarrthóirí nó páirtithe polaitíochta chun cinn, nó a chuireann ina gcoinne, go díreach nó go hindíreach. Tagraíonn na forálacha d'alt 31(7) den Acht, a bhaineann le "daoine eile" a bheith ag cur fógrán den sórt sin i bhfoilseacháin, do dhaoine a bheith ag tarraingt speansas toghcháin orthu féin agus cuimsíonn an téarma "ag féachaint le tionchar a imirt ar thoradh toghcháin". Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfaí an déchiallachas seo san Acht a úsáid mar chosaint nó go bhféadfaí é a fhorléiriú i gcoinne an dlí a bheith á chur ar dhuine faoi chion faoi alt 43(4) den Acht (as loiceadh alt 31(10) den Acht a chomhlíonadh). Measann an Coimisiún um Chaighdeáin, mar sin, go bhféadfaí roinnt comhleanúnachais a thabhairt isteach sa chuid seo den Acht ach an téarma "ag féachaint le tionchar a imirt ar thoradh toghcháin" a chur san áireamh mar chuid d'fhorálacha alt 31(10) den Acht.

(Caibidil 6 - Comhfhreagras le nuachtáin, irisí, srl. maidir le halt 31(10) den Acht).